IDA Ireland



# Tuarascáil & Cuntais Bhliantúla 2022





idaireland.com

# Ábhar


| | |
|---|---|
| Forléargas an Chathaoirligh & an POF | 3 |
| Staitisticí | 17 |
| Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas | 23 |
| Ráitis Airgeadais | 26 |
| Oifigí Domhanda | 80 |








# Forléargas an Chathaoirligh & an POF





## Forléargas
## an Chathaoirligh & an POF

Anois uair na cinniúna sa timpeallacht trádála agus infheistíochta domhanda. Leag na forbairtí a rinneadh le dhá mhí dhéag anuas, bunaithe ar ghníomhaíochtaí a bhain le beartas tionsclaíoch sna Stáit Aontaithe agus béim ar na hearnálacha glasa agus digiteacha san Eoraip agus ar fhorbairt thapa intleacht shaorga, béim an athuair ar nádúr claochlaitheach saol an lae inniu ann. I rith tréimhse ina bhfuil teannas geopholaitiúil le brath, thugamar faoi deara go bhfuil na gnéithe seo a leanas den saol ag éirí níos nasctha - polaitíocht, slándáil, aeráid, trádáil agus infheistíocht.





Michael Lohan, POF, GFT Éireann



Frank Ryan, Cathaoirleach, GFT Éireann

# Forléargas an Chathaoirligh & an POF

> Ionas go mbeidh rath ar Éirinn amach anseo ní mór dúinn dul i muinín an athraithe ionas go mbeidh rath ar ár ngeilleagar, bonn fiontraíochta agus pobal.

Ní mór dúinn dul i muinín an chlaochlaithe, mar go bhfuil sé ina ghné lárnach do rath leanúnach ar ár ngeilleagar, ár mbonn fiontraíochta agus tugann deis dár bpobal bláthú i ndomhan ina bhfágfar ar leataobh iad siúd nach dtapaínn an deis tabhairt faoi dhigitiú agus dícharbónú.
Sa chomhthéacs seo, cuirtear fáilte roimh uaillmhian an Pháipéir Bháin ar Fhiontraíocht, fís a shonrú don bheartas fiontraíochta idir seo agus 2030. Tá GFT Éireann ag idirghníomhú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) ar an bPáipéar Bán, agus nuair a chuirtear chun feidhme ina iomláine é, cuirfidh sé le hiomaíochas na hÉireann i ngeilleagar domhanda dícharbónaithe agus digitithe.

Beidh sé ríthábhachtach dlús a chur le pleananna a bhfuil sé mar aidhm leo acmhainn iompair an gheilleagair a fheabhsú chun cur ar chumas na hÉireann leanúint ar aghaidh ag tacú leis na leibhéil infheistíochta reatha agus lántairbhe a bhaint as na deiseanna a bheidh ar fáil amach anseo. Tá aird tarraingthe ag GFT Éireann go minic ar an ngá atá le príomhchuspóirí a chomhlíonadh go héifeachtach lena n-áirítear an soláthar tithíochta nua a mhéadú, an córas pleanála a dhéanamh níos soiléire agus níos comhsheasmhaí, agus dlús a chur le príomhthionscadail bhonneagair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Mar thoradh ar éifeacht chlaochlaitheach forbairtí beartais, geopholaitiúla agus teicneolaíocha le 12 mhí anuas, bhí níos mó béime á leagan ar an ngá atá le dlús a chur le feidhmiú céimneach fuinneamh in-athnuaite, infheistíochta a dhéanamh i scileanna digiteacha comhaltaí foirne, tacú le Taighde, Forbairt & Nuálaíocht agus a chinntiú go bhfuil dreasacht ghlas agus dhigiteach iomaíoch á tairiscint againn.

Tá cuma mhaith ag bhonn IDC na hÉireann i ndiaidh bliain inar tugadh rátaí fáis gan choinne faoi deara. Trí dhinimiceas cliantchuideachtaí agus tacaíocht ó RFTF, príomhpháirtithe leasmhara agus an obair sheasta atá déanta ag foireann GFT Éireann sa bhaile agus thar lear, anuraidh thaifead an Ghníomhaireacht bliain bhuacach eile de chruthú fostaíochta, infheistíocht agus tionchar geilleagrach dearfach ag na cuideachtaí ilnáisiúnta (CINanna) atá páirteach inár bpunann cliant. Den chéad uair, mhéadaigh an fhostaíocht dhíreach atá á soláthar ag cliaint GFT Éireann go dtí breis is 300,000 agus sháraigh caiteachas geilleagrach bliantúil cliaint GFT in Éirinn €30bn.

Is fianaise iad na figiúirí gan choinne seo ar an tionchar atá ar IDC ar Éirinn agus ar an ról leanúnach atá ag infheistíocht isteach i ndáil le fostaíocht agus deiseanna a chruthú do dhaoine ar fud an oileáin seo.

Is mian le GFT aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag Martin Shanahan thar ceann na heagraíochta, a d'éirigh as a chúraimí mar POF in 2022 i ndiaidh dó GFT a threorú trí thréimhse inar tugadh fás IDC gan choinne faoi deara. Chomh maith leis sin, is mian le GFT aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag Mary Buckley, a bhí ag obair mar POF Eatramhach ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go hAibreán 2023.

## Tá dea-theist le fada an lá ar Éirinn mar shuíomh iontaofa le hinfheistiú ann.

Tá na hinfheistíochtaí a baineadh amach sa chéad leath de 2023 ag teacht leis an méid a rabhamar ag súil leis, maidir le sruthanna dearfacha infheistíochta, ainneoin go raibh sé níos laige ná H1 2022. Is deacair an leibhéal infheistíochta don dara leath den bhliain a thuar mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an ngeilleagar domhanda. Tá GFT Éireann ag leanúint ar aghaidh ag obair le cliaint sna hearnálacha cuí, a mbeidh ról tábhachtach acu ar fad chomh fada is a bhaineann sé le tacú le fás geilleagrach na hÉireann.

D'ainneoin na ndúshlán atá le sárú faoi láthair ag daoine a chaill a bpost san earnáil teicneolaíochta agus go gceapfar dúinn go gcuirfear stop le hearcaíocht sa bhliain amach romhainn, tá an bonn teicneolaíochta in Éirinn ag fás le breis is 60 bliain anuas agus leanfaidh sé ag fás amach anseo.

Agus muid ag féachaint chun cinn chuig domhan inar dócha go mbeidh tíortha agus cuideachtaí araon ag baint tairbhe ag cur chuige níos drogallaí roimh rioscaí, is príomhláidreacht é cur chuige beartais seasta agus comhsheasmhach na hÉireann, agus a dea-theist mar shuíomh oiriúnach le hinfheistiú ann. Ba cheart go mbeadh ar ár gcumas infheistíocht a mhealladh ó infheisteoirí nua agus infheisteoirí a bhfuilimid ag obair leo cheana féin.

Tá GFT Éireann dírithe ar dheiseanna glasa agus digiteacha trasearnálacha mar aon le réimsí fáis in earnálacha sonracha lena n-áirítear teicneolaíocht an airgeadais, cúram sláinte nasctha, ardtáirgí míochaine teiripeacha (ATMTanna), agus an geilleagar digiteach.

Bunaithe ar luas an athraithe sa timpeallacht oibriúcháin, beidh sé mar phríomhbhéim GFT Éireann leanacht an nasc idir claochlú agus iomaíochas sa dara leath dá straitéis 2021-24. Ciallaíonn sé sin go mbeidh tréaniarrachtaí á ndéanamh againn oibriú i gcomhpháirt le cuideachtaí maidir le hinfheistíochtaí in RD&I, inbhuanaitheacht, digitiú agus forbairt tallainne, ionas go mbeidh ar a gcumas leanúint ar aghaidh ag fás i ndomhan claochlaithe.







Bhuaigh GFT Éireann 242 infheistíocht in 2022, lena n-áirítear 89 forbairt agus 103 infheistíocht nua. Is i dtreo suíomhanna réigiúnacha a chuaigh 52% de na hinfheistíochtaí ar fad, nó 127 tionscadal.

**Feidhmíocht IDC in 2022**

Tá beagnach 1,800 cliantoibríocht cláraithe i bpunann CINanna GFT Éireann anois a bhfuil Éire roghnaithe acu mar áit chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh, agus tá breis is aon trian de chliantoibríochtaí lonnaithe in Éirinn le haghaidh 20 bliain nó níos mó. Shroich fostaíocht i mbonn cliant GFT Éireann leibhéil níos airde ná riamh in 2022, an tríú bliain déag i ndiaidh a chéile de ghlanchruthú fostaíochta leanúnach. Amhail ag an 31ú Deireadh Fómhair, 2022, shroich an leibhéal fostaíochta díreach 301,475, sin méadú 9% i gcomparáid le 2021 agus leibhéal arb ionann é agus 12% den fhostaíocht náisiúnta iomlán.[1] Le cois na fostaíochta dírí sin, meastar go bhfuil gach 10 bpost i gcliantchuideachta GFT Éireann ag tacú le 8 bpost eile sa gheilleagar trí chéile, rud is cúis le breis is 542,000 duine a bheith fostaithe go díreach nó go hindíreach.[2]

Chláraigh GFT Éireann gnóthachain poist de 32,426 agus caillteanais de 8,407 rud a chiallaigh go raibh an glanghnóthachan fostaíochta cothrom le 24,019.

1 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), Suirbhé Fostaíochta Bliantúil (AES) 2022. Léirítear figiúirí fostaíochta ag AES, maidir le poist ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain. Bailítear eolas maidir le gnóthachain nó caillteanais sa dá mhí deiridh de gach bliain i suirbhé na bliana dár gcionn

2 RFTF/iolraitheoir fostaíochta 1.8 Indecon

Is cliaint réigiúnacha iad 54% de chliantfhostaíocht iomlán GFT Éireann.



B'ionann é seo agus an leibhéal is airde cruthaithe fostaíochta riamh agus leibhéal réasúnta íseal caillteanas mar scair den bhonn fostaíochta iomlán. Taifeadadh gnóthachain fostaíochta ar fud na tíre, agus tugadh fás fostaíochta faoi deara i ngach réigiún in 2022. Bhí fás suntasach go háirithe sa Lár-Oirthear (+13%), Lár na Tíre (+10.5%), san Iardheisceart (+7.5%). Mhéadaigh an leibhéal fostaíochta iomlán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath go 163,653, sin méadú de 7% i gcomparáid le 2021. Is cliaint réigiúnacha iad 54% de chliantfhostaíocht iomlán GFT Éireann.

Bhuaigh GFT Éireann 242 infheistíocht in 2022, lena n-áirítear 89 forbairt agus 103 infheistíocht nua. Is i dtreo suíomhanna réigiúnacha a chuaigh 52% de na hinfheistíochtaí ar fad, nó 127 tionscadal. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 260 infheistíocht réigiúnach bunaithe faoi straitéis reatha GFT Éireann, rud a chiallaíonn go bhfuil gach cuma ar an scéal go n-éireoidh linn ár sprioc de 400 a chomhlíonadh sa tréimhse idir 2021-24. Tugadh le fios go raibh dul chun cinn dhéanamh go fóill ag an mbéim leanúnach atá á leagan ag GFT Éireann ar infheistíochtaí claochlaitheacha in RD&I, digitiú, inbhuanaitheacht agus forbairt tallainne a fheabhsóidh iomaíochas in 2022. Thacaigh GFT Éireann le breis is 70 de na hinfheistíochtaí sin, lena n-áirítear 37 RD&I a raibh caiteachas gaolmhar luach breis is €1bn luaite leo, agus 21 tionscadal inbhuanaitheachta. I measc na nithe a thacaigh le feidhmíocht láidir inbhuanaitheachta bhí tacaíochtaí comhshaoil nua, go háirithe an Scéim Téarnaimh Inbhuanaithe, agus níos mó béime a bheith á leagan ag cliaint ar éifeachtúlacht agus ar dhícharbónú.

## Tionchar IDC

Tá léargas níos mine le fáil sa Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Geilleagrach (SGBTG) is déanaí atá déanta ag an Roinn ar an tionchar

atá ag cliantchuideachtaí GFT Éireann. Cuireann na cuideachtaí sin ar bhealach suntasach lenár ngeilleagar agus sochar trí fhostaíocht a chruthú, deiseanna a chruthú agus dul chun cinn a dhéanamh, nuálaíocht, foinsiú áitiúil, comhtháthú an tslabhra luacha dhomhanda agus cánachas. Shroich caiteachas i ngeilleagar na hÉireann €31.5bn in 2021, méadú 8.4% bliain ar bhliain agus taifeadadh an leibhéal caiteachais is airde riamh go ndearnadh taifead uirthi.[3] San áireamh san fhigiúr seo bhí párolla (€19.6bn), seirbhísí Éireannacha (€8.9bn) agus ábhair Éireannacha (€3bn), réimsí ina tugadh fás suntasach faoi deara iontu bliain i ndiaidh bliana. Agus iarracht á déanamh againn tionchar IDC in Éirinn a fheabhsú, tá GFT ag leanúint ar aghaidh ag obair ar bhonn réamhghníomhach le Fiontraíocht Éireann chun cur leis na naisc atá bunaithe cheana féin idir fiontair choigríche agus Éireannacha.

Lena chois sin, chaith cliaint GFT Éireann €9.2bn ar chaiteachas caipitil in 2021, sin méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mhéadaigh caiteachas cliaint ar T&F intí go suntasach, méadú 17.9% go dtí €4.8bn. D'fhás easpórtálacha CINanna, príomhfhachtóir i dtéarnamh geilleagrach na hÉireann, go dtí €315.5bn, sin thart ar 70% de na heaspórtálacha náisiúnta iomlána in 2021.[4] Seachas caiteachas i ngeilleagar na hÉireann, cuireann cliaint GFT Éireann ar bhealach suntasach le hairgeadas poiblí. Tá earnálacha a bhfuil cliantchuideachtaí GFT Éireann páirteach iontu freagrach as 70% d'fháltais cáin chorparáide agus cuireann siad ar bhealach suntasach le hadmhálacha cáin ioncaim.[5]

## Forbairt réigiúnach

Soláthraíonn cliantchuideachtaí réigiúnacha fostaíocht dhíreach agus neamhdhíreach do bhreis is 294,000 duine agus caitheann siad €15.9bn ar phárolla, ábhair agus seirbhísí Éireannacha gach bliain.[6] Bunaithe ar an tábhacht a bhaineann leis seo i gcomhthéacs an tsaoil gheilleagraigh i gcathracha, bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann, glacann GFT Éireann leis go bhfuil tábhacht leis an gcumas leanúint leis an obair agus a áirithiú go bhfuilimid ag tacú leis an mbonn suntasach de chliaint réigiúnacha dul in oiriúint agus forbairt i ré seo an athraithe. Príomhcholún de straitéis GFT Éireann é IDC a úsáid chun tacú le forbairt réigiúnach atá cothrom agus cothromasach.

Tá gach cuma ar an scéal go n-éireoidh linn ár sprioc de 400 infheistíocht réigiúnach (leath dár sprioc infheistíochta iomlán) a chomhlíonadh mar aon leis na spriocanna aonair don seacht réigiún lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí rath freisin ar infheistíocht i gcaipitil de réir ár n-ionchas i rith an chéad leath den straitéis. San áireamh san fheidhmíocht réigiúnach i rith 2021 agus 2022 bhí meascán d'fhorbairtí, infheisteoirí céaduaire agus tionscadail ar scála. Bhí iarracht chomhpháirteach ag tacú leis na tionscadail seo, tionscadail a raibh raon leathan gníomhaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach páirteach iontu atá páirteach san éiceachóras réigiúnach. Beidh gá le hiarrachtaí mórán mar an gcéanna i ndáil le saincheisteanna cosúil le bonneagar áitiúil agus soláthar fóntais agus forbairt

3 RFTF, Suirbhé Gnó Bhliantúil ar Thionchar Geilleagrach (SGBTG) 2021
4 Ríomhanna GFT Éireann bunaithe ar shonraí SGBTC agus ar shonraí trádála seachtracha CSO
5 Ríomhanna GFT Éireann bunaithe ar Íocaíochtaí agus Tuairisceáin Íocaíochtaí Cáin Chorparáide na gCoimisinéirí Ioncaim; bunaithe ar shonraí 2021.
6 RFTF, SGBTC 2021 agus SGB 2022

tallainne sna míonna agus blianta amach romhainn d'fhonn a áirithiú go n-oibrímid i gcomhpháirt le cuideachtaí chun na tionscadail buaite thar thréimhse na straitéise go dáta a chur chun feidhme.

Chomh maith leis sin, tá GFT Éireann airdeallach ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le Baile Átha Cliath mar phríomhchathair dhomhanda na hÉireann agus príomh-mhealltóir infheistíochta agus tallainne. Is inneall d'fhás náisiúnta agus réigiúnach é Baile Átha Cliath, agus roghnaíonn go leor cliaint an phríomhchathair seo nuair a bhíonn siad ag infheistiú in Éirinn ar dtús sula bhforbraíonn siad dara suíomhanna in ionaid réigiúnacha. Tá sé riachtanach déileáil le bacainní ar acmhainn i mBaile Átha Cliath, arb é infhaighteacht tithíochta an bhacainn is mó, d'fhonn a áirithiú gur féidir leis an gcathair dul in iomaíocht le hionaid uirbeacha ar scála don chéad ghlúin eile de thionscadail IDC.

**Tionscnaimh straitéiseacha**


Tá roinnt tionscnamh straitéiseach bunaithe ag GFT Éireann chun tacú leis na cuspóirí atá sonraithe i straitéis 2021-24 a chomhlíonadh. Admhaíonn GFT Éireann an tacaíocht atá faighte aici ón Státchiste go dtí seo chun cabhrú léi na tionscnaimh seo a chur i gcrích i bhfianaise na n-éileamh a bhí ar airgeadas poiblí le trí bliana anuas mar gheall ar Bhreatimeacht, an phaindéim agus an ghéarchéim costais maireachtála.

I measc na dtionscnamh atá bunaithe chun tacú leis an straitéis tá dhá phríomhthionscadal atá dírithe ar Thionscal 5.0 chun tacú le claochlú digiteach ár n-earnáil ard-déantúsaíochta atá seanbhunaithe faoin tráth seo. Osclaíodh Digital Manufacturing Ireland (DMI) go hoifigiúil i mí Márta 2023.

Is ionad é DMI atá ar fáil do chuideachtaí chun ardréitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a scálú agus feidhmíonn sé mar mhol oiliúna, comhoibrithe agus nuálaíochta san earnáil déantúsaíochta trí chéile. Ina theannta sin, beidh an síneadh atá curtha leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde & Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT) i mBaile Átha Cliath oscailte go luath, rud a chuirfidh le hacmhainn an láithreáin tacú le taighde agus oiliúint a bhaineann le hardteiripic.

Cinntíonn Clár Réadmhaoine Réigiúnach GFT Éireann soláthar talún, foirgneamh agus bonneagair i suíomhanna réigiúnacha, de réir mar a theastaíonn a leithéid ó chliaint atá agus a d'fhéadfadh a bheith ag GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann.

Tá foireann Réadmhaoine GFT Éireann i ndiaidh ocht réiteach as an naoi déag réiteach foirgnimh a bhí spriocdhírithe faoin gClár le haghaidh 2021-24 a sholáthar, ainneoin tionchar suntasach COVID-19, boilsciú, baic sa slabhra soláthair agus dúshláin a bhain le hacmhainní a fháil san earnáil tógála. Chomh maith leis sin, tá GFT Éireann ag leanúint le béim ar leagan ar bhunachair talún agus láithreán straitéiseacha atá dian ar fhóntais chun cumas ár bpunann réadmhaoine a chosaint don todhchaí ionas go mbeidh sí in ann tacú le tionscadail amach anseo, go háirithe tionscadail mhóra atá dian ar chaipiteal a bhféadfadh tionchair shuntasacha réigiúnacha agus náisiúnta gheilleagracha a bheith orthu.





> Is é an phríomhaidhm atá leis an gclár ná cur ar chumas GFT Éireann feidhmiú mar chomhpháirtí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla do chliantchuideachtaí agus ár bpróisis spriocdhírithe cliaint agus tógála a fheabhsú.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le Clár um Chlaochlú Digiteach GFT Éireann mar a bhí beartaithe agus tá sé beartaithe ardán bainistíochta caidrimh le cliaint a rolladh amach sna míonna amach romhainn. Is é an phríomhaidhm atá leis an gclár ná cur ar chumas GFT Éireann feidhmiú mar chomhpháirtí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla do chliantchuideachtaí agus ár bpróisis spriocdhírithe cliaint agus tógála a fheabhsú.

Nuair a bheidh an clár curtha i gcrích ba cheart go mbeadh glacadh le GFT Éireann mar cheann de na gníomhaireachtaí poiblíochta infheistíochta (GPInna) is fearr ó thaobh cumas digiteach ar domhan.

Reáchtáil GFT Éireann imeacht cinniúnach i gcomhpháirt le Bloomberg i gCo. Cill Mhantáin i mí Aibreáin 2023, tráth ar bhailigh thart ar 200 ceannaire C-suite agus cinnteoirí tábhachtacha domhanda ón earnáil phoiblí agus phríobháideach le chéile chun páirt a ghlacadh i roinnt príomhphainéal agus imeachtaí déthaobhacha. Deis uathúil ba ea an chéad Bloomberg New Economy Gateway Europe, arb é 'Athdhomhandú' an téama a roghnaíodh lena aghaidh, léargas a thabhairt ar Éirinn do spriocphobal roghnaithe de chinnteoirí domhanda. Deis a bhí ann d'Fhoireann Cheannaireachta GFT Éireann labhairt le cliantchuideachtaí atá bunaithe cheana féin agus sprioc-chliantchuideachta, aithne a chur ar dhaoine agus dlús a chur le hiarrachtaí GFT Éireann infheistíocht a bhaint amach.

> Leagfar béim ar leith ar thacú le claochlú - infheistíochtaí spriocdhírithe bunaithe de dheasca luas an athraithe a bhaineann leis an gclaochlú digiteach agus glas gaolmhar.

**Athbhreithniú straitéise**

Tá sé mar aidhm le Straitéis GFT Éireann 2021-24, Dlús a chur le Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe, lántairbhe a bhaint as na deiseanna a chruthaíonn IDC chun tacú le fás, tionchar a imirt agus nuálaíocht a dhéanamh, agus tacú le téarnamh geilleagrach cothromaithe. Cuireadh tús le hathbhreithniú lár téarma na straitéise i Ráithe 3 2022. Mar chuid den athbhreithniú rinneadh measúnú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i gcomparáid le spriocanna a bhí sonraithe go dtí seo agus na himpleachtaí atá ag timpeallacht gheilleagrach dhomhanda agus náisiúnta atá ag athrú ar an dara leath de thréimhse na straitéise. Bhí an t-athbhreithniú seo bunaithe ar ionchur ó fhoirne oibríochtúla GFT Éireann in Éirinn agus thar lear, saineolaithe seachtracha agus forbairtí beartais náisiúnta ó foilsíodh an straitéis, lena n-áirítear an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag GFT Éireann chomh fada is a bhaineann leis na cuspóirí atá sonraithe faoin gcúig cholún straitéiseacha a chomhlíonadh: Fás, Claochlú, Réigiúin, Inbhuanaitheacht agus Tionchar. D'éirigh go breá leis an bhfeidhmíocht sa chéad leath de thréimhse na straitéise, agus d'éirigh le GFT Éireann thart ar 60% de na spriocanna a sheachadadh i ndáil le gach ceann de na príomhtháscairí feidhmíochta. Tríd is tríd, ba é tátal an athbhreithnithe go bhfuil straitéis GFT Éireann 2021-24 ailínithe go maith leis an tírdhreach náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi láthair, agus cuirtear san áireamh an gá agus an deis a bhaineann le roinnt coigeartuithe a dhéanamh chun an raon iomlán cuspóirí a chomhlíonadh i gcúig cholún na straitéise.

Dá réir sin, beidh sé mar aidhm ag GFT Éireann, sa tréimhse den straitéis atá fágtha, in 2023 agus 2024, spriocanna ceannlíne na straitéise ceithre bliana a chomhlíonadh. Leagfar béim ar leith ar thacú le claochlú - infheistíochtaí dírithe bunaithe ar luas an athraithe a bhaineann leis an gclaochlú digiteach agus glas gaolmhar, atá ag tarlú ag ráta níos tapa ná mar a bhí súil againn leis ag tús na straitéise. Is iad nuálaíocht, digitiú agus dícharbónú na fórsaí atá mar chúis spreagtha leis na cláir oibre beartais cuideachta, náisiúnta agus AE. Déanfaidh GFT Éireann tréaniarracht sna réimsí de riachtanas iomaíochta agus déanfar iarrachtaí na tacaíochtaí claochlaithe agus inbhuanaitheachta atá ar fáil do chuideachtaí chun cabhrú le seasmhacht a fhorbairt agus a chosaint ag a suíomhanna Éireannacha amach anseo.

I rith 2023 agus 2024, cuirfidh GFT Éireann tús leis an obair ullmhúchán dá céad straitéise eile. Tríd an méid sin a dhéanamh ag an gcéim thosaigh seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht iarracht glacadh le dearcadh fadtéarmach agus bunaithe ar mhisean maidir le deiseanna IDC a bhaineann le claochluithe glasa agus digiteacha, ailínithe le cuspóirí straitéiseacha náisiúnta lena n-áirítear an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht. Áirítear anseo, mar shampla, braislí teicneolaíochta straitéiseacha ar mórscála a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid mar fheithiclí chun tacú le forbairt earnálach agus réigiúnach, agus dlús a chur le fás agus naisc níos fearr idir CIN agus CIN agus idir CIN agus FBM.



## An Todhchaí

Baineann deacracht leis an bpíblíne tionscadail maidir le IDC in Éirinn don dara leath de 2023 agus 2024 a thuar mar gheall ar éiginnteacht faoi ionchais gheilleagracha dhomhanda sa ghearrthéarma, agus tá gnéithe áirithe den timpeallacht oibriúcháin dhomhanda athraithe go buan. I measc na n-athruithe seo tá beartais thionsclaíocha níos gníomhaí, dlús leanúnach an chlaochlaithe ghlais agus an athraithe theicneolaíoch, an chastacht bhreise a bhaineann le caidreamh geopholaitiúil, agus an suntasach dá bharr sin a bhaineann le cinnteoireacht gheo-eacnamaíocht.

Téama athfhillteach agus atá fadmharthanach is cosúil é tionchar agus scaipeadh an teannais gheopholaitiúil idir na bloic thrádála is mó ar domhan chuig beartais gheilleagracha, trádála agus infheistíochta. Tá níos mó béime á leagan ar earnálacha ardteicneolaíochta, glasa agus ard-déantúsaíochta anois i mbeartas tionsclaíoch, bearta slándála náisiúnta agus creataí fóirdheontais nach bhfuil chomh dian sin sna Stáit Aontaithe, san Eoraip agus in áiteanna eile de bhrí go bhfuil iarrachtaí á déanamh ag tíortha acmhainní straitéiseacha a threisiú nó a chosaint. Cruthóidh díriosciú poitéinsiúil slabhraí soláthair straitéiseacha feadh líne geopholaitiúla costais agus deiseanna do thíortha agus do chuideachtaí araon.

Baineann dúshlán le dul in iomaíocht le tíortha níos mó le haghaidh tionscadal infheistíochta mar gheall ar nádúr iomaíoch na ndreasachtaí atá á dtairiscint.

Ceanglaíonn an t-ionchas go mbeifí san áireamh fiú dá leithéid de thionscadail go mbeadh an acmhainn iompair riachtanach ag tír ina geilleagar chun cuideachtaí a chumasú chun infheistíochtaí a chur chun feidhme go rathúil, lena n-áirítear tithíocht d'fhostaithe agus naisc fóntais dá monarchana. Ní ag Éire amháin atá a leithéid de dhúshláin le sárú agus is fianaise é cumas comhsheasmhach na tíre infheistíocht a bhuachan le dhá bhliain anuas, lena n-áirítear roinnt tionscadal mórscála, ar mhealltacht na hÉireann chomh fada is a bhaineann le IDC.

## Forléargas an Chathaoirligh & an POF

Dá ainneoin sin, is léir ó rannpháirtíocht GFT Éireann le cliantchuideachtaí go gceanglaíonn mealltacht na hÉireann a chothabháil béim chomhsheasmhach ar acmhainn iompair an Stáit a fheabhsú.

Príomhchumasóir d'fhás leanúnach IDC é méadú tapa ar an soláthar de thithíocht nua, go háirithe san earnáil chíosa áit a bhfuil na fadhbanna acmhainne is géire. Forbairt dhearfach í go bhfuil beagnach 30,000 teach críochnaithe in 2022 – an figiúr is airde le breis is deich mbliana anuas. Ainneoin go bhfuil costais tógála arda agus coinníollacha airgeadais níos doichte ag cur isteach ar an earnáil tógála tithe, baineann tábhacht ar leith le dul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna agus cuspóirí atá sonraithe i Straitéis 'Tithíocht do Chách' an Rialtais.

Sa bhreis ar thithíocht, tá gá leanúnach ann freisin déileáil le bacainní eile a bhaineann le hacmhainn bonneagair. Teastaíonn infheistíocht i mbonneagar fisiciúil agus digiteach na hÉireann ionas gur féidir leanúint ar aghaidh le fás geilleagrach amach anseo.

Áirítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta leasaithe, luach €165bn, béim ar thionscadail lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhthéacs GFT Éireann, cosúil le nascacht feabhsaithe laistigh de agus i réigiúin trí infheistíocht i soghluaisteacht inbhuanaithe agus déileáil le bacainní sa ghréasán bóithre. Forbairt ar cuireadh fáilte roimpi iad na bearta a fógraíodh i mí Márta i mbliana a bhfuil sé mar aidhm leo seachadadh príomhthionscadal faoin bPlean Forbartha Náisiúnta a fheabhsú.

Riachtanas bunúsach atá ag cuideachtaí nuair a bhíonn siad ag smaoineamh ar infheistíocht a dhéanamh é fóntais a chur ar fáil agus a sholáthar ar bhealach inacmhainne, lena n-áirítear fuinneamh, uisce agus fuíolluisce. Ní féidir le hÉirinn dul in iomaíocht ar bhealach inchreidte le haghaidh infheistíochta, go háirithe tionscadail déantúsaíochta atá dian ar chaipiteal san earnáil Teicneolaíochta agus Eolaíochtaí na Beatha, gan na saoráidí bunúsacha seo a bheith ar fáil.

Tá GFT Éireann ag leanúint ar aghaidh ag obair leis na príomhpháirtithe leasmhara sa spás seo, lena n-áirítear CRU, Eirgrid agus Uisce Éireann, d'fhonn a áirithiú go bhfuil réitigh iomaíocha fiontraíochta ar fáil do ghnóthaí ar spéis leo infheistíocht agus forbairt a dhéanamh in Éirinn.

Cuireadh fáilte chroíúil roimh an tacaíocht a tairgeadh do chuideachtaí trí Scéim Géarchéime Fiontraíochta na hÚcráine agus an Scéim Tacaíochta Fuinnimh Ghnó Shealadach (STFGS), mar fhreagairt don mhéadú suntasach ar phraghsanna fuinnimh. Tarraingíonn na costais fuinnimh arda san Eoraip i gcoibhneas le dlínsí eile, go háirithe na Stáit Aontaithe, aird ar an tábhacht a bhaineann le haistriú níos tapa na hÉireann, agus an AE go ginearálta, ionas go mbeidh níos mó úsáide á baint as fuinneamh in-athnuaite. Is ionann an Cuspóir Náisiúnta Aeráide, astaíochtaí carbóin a laghdú 51% in 2030, i gcoibhneas le bonnlíne 2018, agus dúshlán iomaíochais agus riachtanas iomaíoch.

Tá GFT Éireann ag obair ar bhonn réamhghníomhach le RFTF maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun tacú leis an gcuspóir náisiúnta, agus le dícharbónú fiontraíochta, mar atá sonraithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Trí dhíriú ar astaíochtaí ón bhonn IDC a laghdú 35%, tá GFT Éireann ag obair leis na cliaint atá aici faoi láthair chun a lorg carbóin a laghdú. Níos faide anonn sa bhliain in 2023, déanfaidh GFT Éireann breithmheas aeráide ar thograí tionscadail atá dian ar chaipitil ó cliaint nua agus cliaint dá cuid cheana féin mar chuid d'obair leanúnach atá á déanamh le RFTF chun costas carbóin a chomhtháthú i meastóireachtaí tionscadail agus chun cuspóirí laghdaithe carbóin a leabú in oibríochtaí ghníomhaireachtaí fiontraíochta na hÉireann.

De réir mar a bheidh an geilleagar trí chéile ag athrú, déanfar dul chun cinn i ndáil le hearnáil na gaoithe eischósta a fhorbairt a bheidh riachtanach chun an meascán athnuaiteán

## Forléargas an Chathaoirligh & an POF

san eangach leictreachais a mhéadú. Tá neart airde tarraingthe ar an bpoitéinseal a bhaineann le gaoth ón talamh in Éirinn, mar aon leis an bpoitéinseal a bhaineann le tionscail nua a fhorbairt atá nasctha leis na deiseanna a bhaineann le gaoth ón talamh. Éilíonn an fhís chlaochlaitheach seo d'Éirinn faoin mbliain 2030 agus ina dhiaidh dul chun cinn leanúnach inniu maidir le ceantanna eischósta, próisis phleanála éifeachtacha agus toiliú muirí.

Tá tionchar ag cúrsaí pleanála ar iomaíochas na hÉireann sna réimsí thuasluaite ar fad, lena n-áirítear tithíocht agus iompar poiblí agus gaoth ón talamh. Réimse a bhfuil sé de cháil air go mbaineann riosca leis le blianta beaga anuas is é éifeachtacht an chórais pleanála agus nádúr cosanta an phróisis athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

Tá béim leagtha ag GFT Éireann ar riachtanas go mbeadh tionscadail chaipitil faoi réir seiceálacha agus nach mór go mbeadh iarmhéideanna éifeachtúil, soiléir agus comhsheasmhach.

Bainfidh tábhacht le cur chun feidhme an ollchóirithe atá beartaithe a dhéanamh ar an reachtaíocht phleanála, ag eascairt as an athbhreithniú a rinne an tArd-Aighne in 2022, agus cinnteofar go mbeidh na hacmhainní ag An Bord Pleanála/An Coimisiún Pleanála chun córas níos éifeachtaí a chumasú, córas a bheidh tábhachtach chomh fada is a bhaineann le hiomaíochas na hÉireann sa réimse seo a fheabhsú.

Tá tús áite á thabhairt d'infhaighteacht tallainne i gcinntí a bhaineann le suíomhanna idirnáisiúnta agus is í an infhaighteacht sin a bhí mar bhonn le rath na hÉireann IDC a mhealladh. Tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh le tallann in Éirinn a chothú agus a fhorbairt, agus ag am céanna a bheith toilteanach fáiltiú roimh thallann ó thar lear.

Tá ardmheas ag cliantchuideachtaí GFT Éireann ar na daoine ardoilte atá ar fáil in Éirinn, cibé acu ón gcóras oideachais tríú leibhéal, trí phrintíseachtaí nó gur daoine ó fud an domhain iad, atá ag cur futha in Éirinn anois.

Oibríonn an t-éiceachóras náisiúnta maidir le hoiliúint agus páirtithe leasmhara oideachais i ndlúthpháirt leis an earnáil thionsclaíoch ar bhealach nach bhfuil le tabhairt faoi deara lasmuigh d'Éirinn. Dá réir sin, tá an córas solúbtha agus is féidir leis freagairt go tapa do riachtanais athraitheacha scileanna san earnáil thionsclaíoch agus cúrsaí eile a sholáthar atá ailínithe go dlúth leis na riachtanais sin. De réir mar a mhéadaíonn an claochlú digiteach an gá atá le cúrsaí uasoiliúna i ngach earnáil den gheilleagar, is den tábhacht é go bhfuil éiceachórais oideachais agus oiliúna na hÉireann ag dul in oiriúint go leanúnach chun freastal ar an éileamh sin.




## Forléargas an Chathaoirligh & an POF

### Conclúid

De réir mar atá GFT Éireann ag feidhmiú, go héiginnte, laistigh de mhargaí domhanda agus ag déileáil leis na dúshláin a bhaineann le hacmhainn iompair na hÉireann, tá seasmhacht ag baint lena réimse fócais agus lena straitéis. Ar dtús, trí leanúint le agus rannpháirtíocht le cliaint a fheabhsú. Ar an dara dul síos, trí chláir oibre maidir le RD&I, digitiú, inbhuanaitheacht agus forbairt tallainne a chumasú go réamhghníomhach agus tallann a fhorbairt mar bhealach chun fad saoil, iomaíochas agus deiseanna a áirithiú i ndáil le ceannaireacht agus fás ár mboinn cliant amach anseo.

Príomhthosaíocht do GFT Éireann, thar thréimhse na straitéise atá fágtha, is é na spriocanna claochlaitheacha seo a chomhlíonadh agus, ailínithe leis an bPáipéar Bán ar Fhiontraíocht, don chuid eile den tréimhse deich mbliana seo. Tá GFT Éireann ag súil le bheith ag obair i gcomhpháirt le RFTF, príomhpháirtithe leasmhara agus cliantchuideachtaí, fad is atá iarracht á déanamh aici fostaíocht a chruthú, deiseanna a chur ar fáil agus tairbhe a bhaint as ré seo an chlaochlaithe ghlais agus dhigitigh.







# Staitisticí





## GFT Éireann Táscairí 2022

**242**
Infheistíocht Ceadaithe san Iomlán

**21**
Infheistíocht Chomhshaoil/ Inbhuanaithe

**54%**
de Phoist Ceadaithe Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

**103**
infheistíocht i Láithreáin Úrnua

**37**
infheistíocht i dTaighde, Forbairt & Nuálaíocht

**52%**
d'Infheistíochtaí Lonnaithe Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

**89**
Infheistíocht leathnaithe

**€1bn**
d'Infheistíocht in infheistíochtaí Taighde, Forbartha & Nuálaíochta

**94%**
de Phoist Ceadaithe a bhfuil Tuarastail sa bhreis ar €35,000 luaite leo

**13**
Infheistíocht oiliúna

**€4.8bn**
Caiteachas Iomlán T&F intí

**€63,594**
An Meántuarastal in Infheistíochtaí

Tabhair faoi deara * Baineann na sonraí maidir le caiteachas T&F intí le 2021

## Staitisticí

### Bunús Cuideachtaí ar Thacaigh GFT Éireann leo in 2022

| Bunús | An Líon Cuideachtaí | Fostaíocht Iomlán |
|---|---|---|
| Na Stáit Aontaithe | 947 | 208,958 |
| An Ghearmáin | 103 | 14,744 |
| An Ríocht Aontaithe | 179 | 11,819 |
| An Fhrainc | 80 | 9,049 |
| An Chuid Eile den Eoraip | 193 | 22,679 |
| An Chuid Eile den Domhan | 294 | 34,226 |
| **Iomlán** | **1,796** | **301,475** |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022. Tabhair faoi deara: Tá fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha san áireamh.

### Fostaíocht i gCuideachtaí a bhfuil GFT ag Tacú leo

| | 2022 |
|---|---|
| **Post Cruthaithe** | **32,426** |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022

### Fostaíocht i gCuideachtaí a bhfuil GFT ag Tacú leo

| | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán | 277,456 | 301,475 |
| Lánaimseartha | 257,757 | 280,890 |
| Eile | 19,699 | 20,585 |
| Athrú glan ar fhostaíocht iomlán | 16,693 | 24,019 |
| **% Athrú glan ar fhostaíocht iomlán** | **6.4%** | **8.7%** |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022, Sonraí sraith ama
Tabhair faoi deara: Cuimsítear i bhFostaíocht eile fostaithe a bhfuil conarthaí páirtaimseartha agus gearrthéarmacha acu

## Staitisticí

### Fostaíocht Iomlán de réir an Réigiúin i gCuideachtaí a bhfuil GFT Éireann ag tacú leo

| Réigiún | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | % Athrú 2021/2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teorainn | 7,681 | 8,153 | 8,246 | 8,358 | 8,885 | 6.3% |
| Baile Átha Cliath | 100,181 | 109,605 | 114,950 | 124,714 | 137,822 | 10.5% |
| An Lár-Oirthear | 17,818 | 18,496 | 18,728 | 19,337 | 21,861 | 13.1% |
| An tIarthar Láir | 22,508 | 23,958 | 24,249 | 25,109 | 26,004 | 3.6% |
| Lár na Tíre | 5,859 | 6,372 | 6,438 | 6,939 | 7,665 | 10.5% |
| An tOirdheisceart | 13,414 | 13,507 | 13,976 | 15,062 | 15,520 | 3.0% |
| An tIardheisceart | 42,170 | 43,841 | 46,340 | 48,594 | 52,228 | 7.5% |
| An tIarthar | 26,401 | 27,197 | 27,836 | 29,343 | 31,490 | 7.3% |
| **Iomlán** | **236,032** | **251,129** | **260,763** | **277,456** | **301,475** | **8.7%** |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022
Tabhair faoi deara: Tá fostaithe páirtaimseartha, sealadacha agus gearrthéarmacha san áireamh.

## Staitisticí

### Fostaíocht Iomlán de réir na hEarnála i gCuideachtaí a bhfuil GFT Éireann ag tacú leo

| Earnáil | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | % Athrú 2021- 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnó, Airgeadas & Seirbhísí Eile | 41,708 | 45,939 | 48,138 | 51,736 | 56,426 | 9.1% |
| Faisnéis & Cumarsáid | 87,814 | 94,185 | 98,042 | 106,315 | 116,192 | 9.3% |
| Déantúsaíocht Nua-aimseartha | 84,647 | 89,107 | 92,716 | 97,006 | 105,199 | 8.4% |
| Déantúsaíocht Thraidisiúnta | 21,863 | 21,898 | 21,867 | 22,399 | 23,658 | 5.6% |
| **Gach Earnáil** | **236,032** | **251,129** | **260,763** | **277,456** | **301,475** | **8.7%** |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022

### Tionchar Geilleagrach IDC

Measann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go bhfuil ocht bpost, sa gheilleagar trí chéile, á gcruthú ag gach 10 bpost atá cruthaithe go díreach ag Infheistíocht Dhíreach Eachtrach Coigríoch (IDC). Ciallaíonn sé sin go raibh IDC ag tacú le 542,655 post faoi dheireadh 2022. Tá tionchar dearfach ag buntáistí geilleagracha tánaisteacha ar an tionscal tógála, an earnáil mhiondíola agus an tionscal fáilteachais.

Cuimsítear i dtorthaí Shuirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Geille agrach (SGBTG) le haghaidh 2021 (na sonraí is déanaí atá ar fáil) sonraí le haghaidh Easpórtálacha, Caiteachas Gheilleagar na hÉireann, T&F intí agus caiteachas caipitil mar seo a leanas:

- Mhéadaigh easpórtálacha cliant GFT 8.7% go dtí €315.5bn in 2021.
- D'fhás caiteachas i ngeilleagar na hÉireann 8.4% go dtí €31.5bn in 2021. Cuimsítear anseo caiteachas ar phárolla (€19.6bn), seirbhísí Éireannacha (€8.9bn) agus ábhair Éireannacha (€3bn).
- D'fhás Infheistíocht T&F intí 17.9% go dtí €4.8bn in 2021.
- D'infheistigh cliaint GFT €9.2bn i dtionscadail chaipitil in 2021, méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

### GFT Éireann Costais in aghaidh an Phoist Choimeádta Praghsanna Seasta 2021

| GFT Éireann | 2008/14 | 2009/15 | 2010/16 | 2011/17 | 2012/18 | 2013/19 | 2014/20 | 2015/21 | 2016/22 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FTJ Coimeádta* | 49,452 | 56,973 | 69,611 | 77,099 | 94,880 | 104,690 | 110,063 | 121,861 | 134,448 |
| CPJS | €14,243 | €11,839 | €10,239 | €8,986 | €7,307 | €6,751 | €6,794 | €6,487 | €5,582 |

Foinse: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil RFTF 2022
Tabhair faoi deara: Ríomhtar costas an phoist choimeádta trí chaiteachas deontais GFT Éireann do gach gnólacht i rith na tréimhse ríofa a chur san áireamh.
Ní chuirtear ach poist a chruthaítear i rith agus ar marthain go dtí deireadh gach tréimhse seacht mbliana chun sochair sna ríomhanna.



# Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas







## An Comhshaol

Tá GFT Éireann ag obair go gníomhach le cliantchuideachtaí maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaitheacht, agus taifeadadh 21 tionscadal inbhuanaitheachta comhshaoil in 2022, agus cuireadh feidhmíocht 2021 san áireamh, rud a chiallaíonn go bhfuilimid beagnach leathslí chomh fada is a bhaineann lenár sprioc de 60 infheistíocht inbhuanaitheacht a chomhlíonadh faoin mbliain 2024. Chomh maith leis sin, cuireadh obair i gcrích a bhain le tionscnaimh ghlasa níos ginearálta, cosúil le hoibriú i gcomhpháirt le cliaint chun pleananna gníomhaithe ar son na haeráide a fhorbairt agus a bhunú le haghaidh láithreán in Éirinn agus tairiscint luacha na hÉireann a fhorbairt chun tionscadail straitéiseacha a bhuachan sa gheilleagar glas. Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le hiomaíochas agus chun láithreáin cliaint in Éirinn a chosaint don todhchaí agus chomh maith leis sin, cabhraíonn siad le GFT Éireann agus lena chliantchuideachtaí tionchar comhshaoil ár mbonn GFT in Éirinn a fheabhsú go gníomhach.

Chun spriocanna na hearnála poiblí a chomhlíonadh agus d'fhonn a áirithiú go dtugann GFT Éireann léargas ar dhea-chleachtas i réimse na hinbhuanaitheachta, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag infheistiú i mbearta chun a hinbhuanaitheacht chomhshaoil féin a fheabhsú. Oibríonn GFT Éireann i ndlúthpháirt le Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun faireachán a dhéanamh ar agus tuairisciú ar ídiú fuinnimh bliantúil, coigilteas agus astaíochtaí CO2 agus chun Plean Gníomhaíochta a fhorbairt chun tionscadail phoitéinsiúla coigilte fuinnimh a shainaithint ar bhonn bliantúil. De réir na sonraí rianaithe agus fíoraithe ag SEAI, d'éirigh le GFT Éireann ídiú fuinnimh a laghdú 48.6% faoi leibhéil bhonnlíne 2011 agus astaíochtaí CO2 a laghdú 40% i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2016-2018.[7]

Chuir GFT Éireann raon leathan athbhreithnithe agus tionscnamh inbhuanaitheachta i gcrích sa phunann réadmhaoine in 2022, lena n-áirítear maidir le bithéagsúlacht, soghluaisteacht inbhuanaithe, bonneagar inbhuanaithe agus athbhreithniú náisiúnta ar roghanna fuinnimh in-athnuaite. Tá obair á déanamh ag an Rannán Réadmhaoine chun punann GFT Éireann a ailíniú le straitéisí inbhuanaitheachta náisiúnta, lena n-áirítear tionscnaimh bhithéagsúlachta a fhorbairt ag roinnt Páirceanna Gnó GFT Éireann de réir Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017- 2021 agus an Phlean Náisiúnta um Pailneoirí. Le cois uasghráduithe a rinneadh sna foirgnimh atá againn faoi láthair, tá an Rannán Réadmhaoine ag obair ar fhoirgnimh nua a thógáil mar chuid den Chlár Tógála Réigiúnach, atá deartha chun creidiúnú CDFC (Ceannaireacht i nDearadh Fuinnimh agus Comhshaoil) a bhaint amach.

7 SEAI, Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí

> Fad is a bhímid ag obair lenár mbonn cliant chun tacú le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht, cuirimid san áireamh an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go bhfuilimid ag seasamh le agus ag déanamh ionadaíochta ar na luachanna sin laistigh de GFT.

**Sóisialta**

Ar aon dul lenár ngealltanas tacú le téarnamh ionchuimsitheach agus inbhuanaithe, lean GFT Éireann le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le gnéithe CSR agus le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe chun cur lenár dtuiscint ar na bealaí is féidir linn tacú le torthaí IDC inbhuanaithe, ionchuimsitheacha.

Tá príomhbhéim á leagan ag GFT Éireann ar phost ar ardchaighdeán a bhfuil tuarastal maith luaite leo a chruthú a chinntíonn seasmhacht agus ullmhacht d'athrú a tharlóidh in Éirinn amach anseo agus ar an mbonn cliant. In 2021, bhí an meántuarastal i gcliantchuideachtaí GFT Éireann cothrom le €75,130, 44% os cionn an mheántuarastail náisiúnta de €52,088.

Ciallaíonn na hathruithe atá ag tarlú go tapa, agus an tionchar atá aige sin ar riachtanais scileanna, go bhfuil sé ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile a áirithiú go bhfuil an soláthar tallainne in ann freastal ar an éileamh sin. Tá GFT Éireann ag leanúint ar aghaidh le béim shuntasach a leagan ar thacaíochtaí d'fhorbairt tallainne faoin gcolún Claochlaithe dár straitéis, agus d'infheistigh cliaint €100 milliún i gcúrsaí oiliúna d'fhostaithe in 2021, sin méadú de 9.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Fad is a bhímid ag obair lenár mbonn cliant chun tacú le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht, cuirimid san áireamh an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go bhfuilimid ag seasamh le agus ag déanamh ionadaíochta ar na luachanna sin laistigh de GFT.

Chun tacú lenár bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2021-24(CÉC), chuir foireann CÉC GFT Éireann raon gníomhaíochtaí agus rannpháirtíochtaí i gcrích i rith 2022, lena n-áirítear imeachtaí cúltaca bunaithe ar an téama 'ionchuimsitheacht' agus seisiúin eolais maidir le hábhair a bhaineann le míchumas, néara-éagsúlacht agus tráth den saol. Lean GFT Éireann ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt leis an Tionscnamh Open Doors chun deiseanna oibre a chruthú do bhaill de ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus chun tús a chur le próiseas atá ag tacú le glacadh le Prionsabail an Dearaidh Uilíoch.

Tugadh aitheantas do GFT Éireann ag Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta 2023, agus bronnadh an gradam Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana ar GFT Éireann.

Chomh maith leis sin, bronnadh Creidiúnú Airgid ar GFT Éireann faoi chlár Infheisteoirí san Éagsúlacht Ionad na hÉireann don Éagsúlacht, creidiúnú a thugann aitheantas don dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag GFT Éireann i ndáil le CÉC. Sa bhreis ar an obair a rinne an fhoireann CÉC, lean Coiste um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) GFT Éireann leis an obair iontach atá á dhéanamh chun dlús a chur le hiarrachtaí na mball foirne san eagraíocht trí chéile cistí a bhailiú agus feasacht ar ár gcomhpháirtithe carthanachta a mhúscailt, DEBRA Ireland in 2021/2022 agus Cumann Ailse na hÉireann in 2022/2023



# Ráitis Airgeadais





## An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste

### Tuarascáil le cur i láthair os comhair Thithe an Oireachtais

### An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire)

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais An Ghníomhaireachta Forbartha Tionscail (Éire) (GFT Éireann) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha mhír 7 den chéad sceideal d'Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais GFT Éireann ar an 31 Nollaig 2022, agus a hioncam agus caiteachas le haghaidh 2022 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

### An bonn tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (CIIanna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá ormsa faoi na caighdeáin seo sonraithe in aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mise ag feidhmiú neamhspleách ar GFT Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán seo.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar.

### Tuairisc maidir le faisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile i dteannta leis na ráitis airgeadais tíolactha ag GFT Éireann. San áireamh ann tá an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, in aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam sa chomhthéacs seo.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 15 Meitheamh 2023

# Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi mhír 7 den Chéad Sceideal d'Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993
- lena n-áirithítear go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS102
- lena n-áirithítear rialtacht idirbheart
- agus lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá gan míshonrú ábhartha a chumasú, cibé mar thoradh ar chalaois nó ar earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi mhír 7 den chéad sceideal d'Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais GFT Éireann agus tuarascáil a ullmhú ina dtaobh, le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam nuair atá an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine gan míshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIlnna míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-iomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na Clanna, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus tugaim aird ar sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Tríd an méid sin a dhéanamh,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí míshonraithe ábhartha na ráiteas airgeadais cibé más bunaithe ar chalaois nó earráid atá siad; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchta i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí seo; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar. Tá an riosca a bhaineann le míshonrú ábhartha ag eascairt as calaois gan a bheith á haithint níos airde ná riosca a tharlaíonn mar thoradh ar earráid, de bhrí go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí a bheith i gceist le calaois, nó go bhféadfaí rialú inmheánach a shárú.
- Tagaim ar thuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Cuirim críoch leis an iniúchadh le tagairt d'oiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta faighte, agus tagraím do cibé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas GFT Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais

nó, mura bhfuil a leithéid sin de nochtuithe leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhí faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha amach anseo a bheith mar bhonn le deireadh a chur le GFT Éireann a bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na teagmhais bhunúsacha ar shlí a thugann léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach a thugaim faoi deara i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, de réir eisceachta, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht nó comhaontú leis na taifid chuntasaíochta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thíolactar leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIInna an fhaisnéis eile a thíolactar a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe i rith an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

**Nithe eile a thuairisciú**


Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta atá luaite le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúchán. Tuairiscím má thugaim aon ní ábhartha faoi deara i ndáil leis an tslí a bhfuil gnó poiblí curtha i gcrích.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht idirbheart airgeadais i rith m'iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha atá beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Is Gníomhaireacht Reachtúil neamhspleách í GFT Éireann a bunaíodh faoi Achtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 - 2019. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht de réir fhorálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, ag a bhfuil an chumhacht cistí a sholáthar chun a hoibleagáidí a urscaoileadh agus treoracha beartais ginearálta a eisiúint/faisnéis maidir le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a lorg.







## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ainneoin gurb é príomhfhoinse rialachais chorparáidigh GFT Éireann na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht freisin raon ceanglas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Dearbhaíonn GFT Éireann go bhfuil a hoibleagáidí maidir leis na ceanglais seo ar fad á chomhlíonadh aige. Go háirithe, tá na nósanna imeachta seo a leanas bunaithe aici d'fhonn a áirithiú go bhfuil ceanglais shonracha á gcomhlíonadh:

**1 Ceanglais Ghinearálta Riaracháin agus Bheartais**

Ag leibhéal náisiúnta, oibríonn GFT Éireann i ndlúthchomhar le hoifigigh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile chun cuspóirí a chomhlíonadh agus d'fhonn a áirithiú go bhfuil ceanglais reachtúla, riaracháin agus Aireachta/Rialtais á gcomhlíonadh. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an Ghníomhaireacht le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais Gníomhaireachtaí Stáit eile agus raon leathan Eagraíochtaí Pobail/ Ionadaithe Pobail chun an timpeallacht áitiúil atá riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh a fhorbairt. Tá GFT Éireann ag leanúint ar aghaidh le treoir beartais a d'eisigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an 18 Nollaig 2006 a chur chun feidhme, a cheanglaíonn ar GFT gach Treoirlíne, Rialachán Blocdhíolúine, Creat agus scéim ábhartha a chomhlíonadh a bhaineann le Cúnamh Réigiúnach agus deontais taighde agus forbartha a sholáthar.

**2 Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

**Ráiteas Comhlíonta**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an gCód a áirithiú. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2022 á chomhlíonadh ina iomláine ag GFT Éireann, faoi réir tarscaoilte ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le ceanglas atá sonraithe i gCiorclán 2014, mar atá luaite sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Alt 2.6: Comhlíonta ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leith atá curtha ar fáil don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Alt 1.8 & 7.5 (iii): Tá córas éifeachtach de rialú inmheánach bunaithe agus á chur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach, leathanach 45).

Alt 9: Tá an beartas Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2022, leathanaigh 30-40 agus Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, leathanaigh 53-79).

Alt 1.15 & 1.17: Cheadaigh an Bord straitéis ceithre bliana GFT le haghaidh na mblianta 2021-2024. Lena chois sin, bhunaigh an Bord próisis chun pleanáil chorparáideach fhónta a áirithiú, etc., mar a cheanglaíonn an

tAlt seo (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2002, leathanach 30, agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach, leathanach 45).

Alt 9: Tá fianaise le fáil i nósanna imeachta taistil GFT le fáil i gceanglais an Rialtais maidir le beartas taistil agus tá siad á gcomhlíonadh.

Alt 8.47: Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leithligh a cuireadh faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, gur chomhlíon GFT a cuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Tá na scéimeanna agus na cláir atá á riar ag GFT de réir na reachtaíochta atá ag rialú oibriú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca oiriúnacha bunaithe.

**3 Ráiteas Cleachtais Sp-It/1/04 na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Cóireáil Chánach Luach Saothair Chomhaltaí Choistí agus Bhoird Stáit agus Státurraithe**

Tá an Ráiteas Cleachtais seo á chomhlíonadh ina iomláine ag GFT Éireann.

**4 Treoirlínte do Bhreithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitil**

Tá nósanna imeachta stuama bunaithe ag GFT Éireann do Bhreithmheas agus Bainistíocht Tionscadal Caiteachais Chaipitil a thagann chun cinn faoi chláir Deontas Caipitil nó Réadmhaoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirlínte do Bhreithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitil á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta sin.

**5 Na hAchtanna um Chomhionannas (ina gcuimsítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 2000-2018 agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015)**

Glacann GFT le comhionannas mar réimse tosaíochta. Tá clár oibre forásach comhionannais agus éagsúlachta bunaithe ag an eagraíocht agus tá tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Tá ardmheas ag GFT Éireann ar éagsúlacht agus déanann sí iarracht feidhmiú mar fhostóir comhionann ina spreagtar obair an duine aonair agus ina léirítear meas ar dhifríochtaí. Chuige sin, tá GFT Éireann tiomanta d'áirithiú nach bhfaigheann aon bhall foirne de GFT Éireann, nó iarrthóir ar fhostaíocht le GFT, cóir is lú fabhar ná aon duine eile bunaithe ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht i bpobal an lucht siúil nó aon fhoras eile nach bhfuil ábhartha do dhea-chleachtas fostaíochta.

Baineann sé seo le hearcaíochta, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá GFT tiomanta do chothromaíocht a áirithiú agus a fhorbairt idir saol oibre agus baile maidir le gach ball foirne.

**6 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005**

Tá GFT Éireann ag leanúint ar aghaidh le bearta oiriúnacha a fhorbairt chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir laistigh dá hoifigí a chosaint chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Cuimsítear anseo an tAcht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004.

### 7 An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha ag feidhmiú go héifeachtach laistigh de GFT Éireann agus glactar leo mar ghné aitheanta de struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Fáiltíonn an fhoireann bhainistíochta agus an fhoireann roimh an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Lena chois sin, táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an gCeardchumann i GFT Éireann chun dlús a chur le haon ghníomhaíocht a eascraíonn as an síneadh a cuireadh leis an gcomhaontú Building Momentum le haghaidh 2022 - 2023.

### 8 An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na nAchtanna thuasluaite, tá ráitis leasanna comhlánaithe ag gach Comhalta Boird de GFT Éireann rud a chiallaíonn go bhfuil forálacha na nAchtanna á gcomhlíonadh.

### 9 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tá an tAcht seo á chomhlíonadh ag GFT Éireann. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise, GFT Éireann, 3 Plás na Páirce, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

### 10 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Chun meabhrán an Rialtais dar dáta Meitheamh 2001 a chomhlíonadh, baineann GFT Éireann, le linn di foirgnimh oifige agus déantúsaíochta a dhearadh, a phleanáil agus a thógáil ina Páirceanna Gnó agus Teicneolaíochta, tairbhe as prionsabail ‘dea-chleachtais’ i ngach cás. Chomh maith leis sin, tá prionsabail ‘dea-chleachtais’ á gcomhlíonadh ag oifigí GFT sna réigiúin. Tá rátáil BER A2 luaite le Ceanncheathrú Dhomhanda GFT Éireann ag Three Park Place agus tá an foirgneamh deimhnithe mar WiredScore Platinum – foirgneamh ina bhfuil insliú imchlúdaigh foirgnimh ar ardchaighdeán, stóráil theirmeach, bailiú uisce báistí, painéil fhótavoltacha, cumhacht is teas in éineacht (CHP) chun fuinneamh a ghiniúint agus do shoilsiú LED.

### 11 (I) Íoc Pras Cuntas

Leasaigh Rialacháin (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach, 2012, Rialacháin (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach, 2013 agus Rialacháin (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach, 2014, an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Tá an fhoireann bhainistíochta sásta gur chomhlíon GFT forálacha an Achta (arna leasú) i ngach gníomh réasúnach.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### 11 (II) Íoc Pras le Soláthraí

Tá GFT Éireann tiomanta dá cuid oibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011.

Áirithíonn an fhoráil go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí, laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn GFT Éireann ar an rannóg "Rialachas Corparáideach" dá suíomh gréasáin maidir le cur chun feidhme na rialacha 15 lá maidir le híocaíochtaí Prasa.

### 12 Nochtuithe Cosanta

De réir na gceanglas dlí faoi alt 21 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta bunaithe agus á gcothabháil ag GFT Éireann ionas gur féidir le hoibrithe atá nó a bhí fostaithe ag GFT Éireann nochtuithe cosanta a dhéanamh agus chun déileáil le haon nochtuithe a rinneadh. Tá faisnéis i scríbhinn curtha ar fáil ag GFT Éireann maidir le nósanna imeachta a bhaineann le nochtuithe cosanta.

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta faoi bhráid GFT Éireann in 2022.

### Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord GFT Éireann faoi Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus cuirtear an cúram seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha maidir le gach príomhcheist gnó a dhéanamh. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo GFT Éireann. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord a leanúint agus a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích ag an eintiteas, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Feidhmíonn an POF mar phointe teagmhála díreach idir an Bord agus foireann bhainistíochta GFT Éireann.

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe sa Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh agus tá nithe sonracha a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord ina leith sonraithe ann freisin. I measc na nithe buana a bhreithníonn an Bord tá:

- dearbhú leasa,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ceanglaíonn Mír 7 (2) den Chéad Sceideal d'Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986 ar Bhord GFT Éireann, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aici a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord GFT Éireann:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Mír 7 (2) den Chéad Sceideal d'Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GFT Éireann.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht GFT Éireann trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil ar an 9 Márta 2023.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais GFT Éireann léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais GFT Éireann ag an 31 Nollaig 2022.

**Struchtúr an Bhoird**

Áirítear leis an mBord, Cathaoirleach, POF agus suas le deichniúr gnáthchomhaltaí, agus tá siad ar fad ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus buaileann siad le chéile 10 n-uair sa bhliain nó níos minice más gá. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Frank Ryan | Cathaoirleach | An 1 Eanáir 2014. (Ar scor an 31 Nollaig 2018. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2019. Ar scor an 31 Nollaig 2022. Athcheaptha ar an 26 Eanáir 2023.) |
| Martin Shanahan | POF | An 31 Lúnasa 2014. Ar “saoire gharraíodóireachta” ón 26ú Deireadh Fómhair 2022. (Éirithe as a chúraimí ar an 25ú Eanáir 2023) |
| Barry O’Sullivan | Gnáthchomhalta | An 4 Mheán Fómhair 2015. (Ar scor an 31 Nollaig 2018. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2019) |
| Marian Corcoran | Gnáthchomhalta | An 26 Lúnasa 2016. (Ar scor an 31 Nollaig 2020. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2021) |
| Kevin Cooney | Gnáthchomhalta | An 8ú Meitheamh 2018. (Ar scor an 31 Eanáir 2022. Athcheaptha an 2 Feabhra 2023) |
| Thomas (Tony) Kennedy | Gnáthchomhalta | An 8ú Meitheamh 2018. (Ar scor an 31 Nollaig 2021. Athcheaptha an 2 Márta 2022) |
| Ann Hargaden | Gnáthchomhalta | An 27 Samhain 2020. |
| Regina Moran | Gnáthchomhalta | An 27 Samhain 2020. |
| Bill O’Connell | Gnáthchomhalta | An 27 Samhain 2020. |
| Declan Hughes | Gnáthchomhalta | An 8 Feabhra 2022. |
| Mary Buckley | POF Eatramhach | An 26 Deireadh Fómhair 2022. (Éirithe as a cúraimí ar an 16 Aibreán 2023) |
| Alan Ennis | Gnáthchomhalta | An 21 Feabhra 2023. |
| Elizabeth Reynolds | Gnáthchomhalta | An 21 Feabhra 2023. |
| Michael Lohan | POF | An 17 Aibreán 2023. |

Rinne an Bord Athbhreithniú Éifeachtachta agus Meastóireacht Boird, a cuireadh i gcrích ar an 9 Márta 2023.

**Príomhathruithe Pearsanra** – Comhaltaí boird thuasluaite. Ag leibhéal na Bainistíochta Sinsearaí (Bainisteoir Rannáin nó leibhéal níos airde) rinneadh na hathruithe seo a leanas i rith 2022: Chuir Martin Shanahan tús le “saoire gharraíodóireachta” ar an 26 Deireadh Fómhair 2022 agus ceapadh Mary Buckley mar POF Eatramhach ón dáta go dtí 16 Aibreán 2023. Ceapadh Michael Lohan mar POF ar an 17 Aibreán 2023.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Bord 2022

Feidhmíonn an Bord de réir prionsabal rialachais chorparáidigh dea-chleachtais agus de réir na dtreoirlínte atá sonraithe in 'Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú' atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta, nuair a bhíonn a ghníomhaíochtaí féin á dhéanamh aige agus nuair a bhíonn a gcuid gníomhaíochtaí á ndéanamh ag coistí.

Tá sé freagrach as beartais ghinearálta na heagraíochta a shonrú agus as maoirseacht a dhéanamh ar oibriú na heagraíochta. Cuireann sé na feidhmeanna sin i gcrích go díreach agus trí oibriú Coistí Boird ar leith. Is í an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as beartas a chur chun feidhme.





## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tá údarás reachtúil ag an mBord cúnamh deontais a cheadú suas go dtí na leibhéil atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais os cionn na leibhéal sonraithe sin a mholadh don Rialtas. De réir na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, tíolacann Comhaltaí Boird GFT Éireann Ráiteas Leasa don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

De réir 'An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú' 2016, tá beartas Rialtais maidir le pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus treoirlínte Rialtais maidir le táillí a íoc le Comhaltaí Boird á gcomhlíonadh go hiomlán ag GFT Éireann.

**Frank Ryan**
Cathaoirleach, GFT Éireann

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann. Ar "saoire gharraíodóireachta" ón 26 Deireadh Fómhair 2022. (Éirithe as a chúraimí ar an 25 Eanáir 2023).

**Michael Lohan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann (ceaptha ar an 17 Aibreán 2023)

**Marian Corcoran**
Bunaitheoir MC 2 Change Teoranta

**Declan Hughes**
Leas-Ard-Rúnaí (Ceaptha mar Ard-Rúnaí ar an 1 Meitheamh 2023) An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**Barry O'Sullivan**
Leas-Uachtarán Déantúsaíochta, Johnson and Johnson

**Thomas (Tony) Kennedy**
POF Tawin Consulting

**Kevin Cooney**
Iar-Leas-Uachtarán Sinsearach, Iar-Stiúrthóir Bainistíochta EMEA, CIO, Xilinx Inc

**Ann Hargaden**
Iar-Chathaoirleach ag Lisney Ireland.

**Bill O'Connell**
Príomhoifigeach BOC Consulting Services

**Regina Moran**
Leas-Uachtarán, Tionscadail Straitéiseacha & Athraithe Fujitsu

**Mary Buckley**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, GFT Éireann (ón 26 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 16 Aibreán 2023)

**John Nolan**
Rúnaí, GFT Éireann

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Tá eolas maidir le struchtúr choiste an Bhoird le fáil thíos.

**An Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca**

Cabhraíonn agus tacaíonn sé leis an mBord a fhreagrachtaí dlí agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann cumarsáide le hiniúchóirí seachtracha agus meastóireacht agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh. Déanann maoirseacht ar chur chun feidhme bheartas riosca na heagraíochta lena n-áirítear a clár rioscaí a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta.

**Comhaltaí 2022**

Tony Kennedy
(Cathaoirleach)

Declan Hughes

Ann Hargaden

Regina Moran

John Glennon
(Comhalta Seachtrach den Choiste)

**An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach agus Réadmhaoine**

Tugann sé treoir maidir le cur chun feidhme gnéithe na forbartha réigiúnaí de Straitéis GFT. Déanann sé athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna réigiúnacha bliantúla agus carnacha GFT agus a rannpháirtíocht i bhforbairt straitéis náisiúnta agus réigiúnach. Déanann sé athbhreithniú ar bheartas ag féachaint do mhaoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt réadmhaoine, ceadaíonn sé nósanna imeachta a bhaineann le próisis tairisceana agus bronnadh conarthaí agus ceadaíonn sé caiteachas/díolachán suas go dtí luach €12m.

**Comhaltaí 2022**

Marian Corcoran
(Cathaoirleach)

Declan Hughes

Barry O'Sullivan

Bill O'Connell

Ann Hargaden

Martin Shanahan
– go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2022

Eileen Sharpe
– ón 26 Deireadh Fómhair 2022

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

**An Coiste um Nuálaíocht agus Forbairt Inbhuanaithe**

Tugann sé treoir maidir leis an tacaíocht a thugann GFT d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe de réir bheartas an Rialtais; maidir le tacú le claochlú earnálach agus tionscail trí nuálaíocht, caipiteal daonna a fhorbairt agus glacadh le hardteicneolaíochtaí déantúsaíochta; agus cur leis an méid taighde agus forbartha atá a dhéanamh ag cuideachtaí.

**Comhaltaí 2022**

Barry O'Sullivan (Cathaoirleach)

Kevin Cooney

Declan Hughes

Tony Kennedy

Bill O'Connell

Regina Moran

**An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta**

Déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus déanann sé pleananna le haghaidh forbairt agus comharbas na foirne bainistíochta. Chomh maith leis sin, tugann an Coiste treoir maidir le forbairt eagraíochta agus Beartas um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú na Gníomhaireachta.

**Comhaltaí 2022**

Frank Ryan (Cathaoirleach)

Marian Corcoran

Kevin Cooney

Martin Shanahan
– go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2022

Mary Buckley
– ón 26 Deireadh Fómhair 2022

**An Coiste Bainistíochta Infheistíochta**

Déanann sé athbhreithniú ar gach togra le haghaidh cúnamh deontais agus molann sé iad don Bhord. Faoi chumhachtaí tarmligthe ag an mBord, ceadaíonn an Coiste deontais suas go dtí €900,000.

**Comhaltaí 2022**

Martin Shanahan
(Cathaoirleach – go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2022)

Mary Buckley
(Cathaoirleach – ón 26 Deireadh Fómhair 2022)

Eileen Sharpe

Regina Gannon

Denis Curran

Michael Lohan
– ón 26 Deireadh Fómhair 2022

## Sceideal an Ráitis Rialachais

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas an Bhoird

Tá sceideal tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

| | Bord | An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca | An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach & Réadmhaoin | An Coiste um Fhorbairt Eagraíochta | An Coiste um Nuálaíocht & Forbairt Earnálach | Táillí 2022 € | Costais 2022 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Líon Cruinnithe | 12 | 5 | 10 | 10 | 7 | | |
| Frank Ryan (Cathaoirleach) | 12 | - | - | 10 | - | 20,520 | 5,821 |
| Martin Shanahan (Príomhfheidhmeannach) | 8 | 2 | 7 | 4 | - | - | 225 |
| Mary Buckley (Príomhfheidhmeannach Eatramhach) | 2 | 2 | - | 1 | - | - | - |
| Kevin Cooney | 11 | - | - | 10 | 6 | 11,970 | 205 |
| Marian Corcoran | 12 | - | 9 | 10 | - | 11,970 | 490 |
| Ann Hargaden | 10 | 5 | 7 | - | - | 11,970 | - |
| Declan Hughes | 12 | 5 | 10 | - | 7 | - | 205 |
| Tony Kennedy | 12 | 5 | - | - | 5 | 9,943 | 2,058 |
| Regina Moran | 9 | 4 | - | - | 5 | 11,970 | 405 |
| Bill O'Connell | 11 | - | 9 | - | 6 | 11,970 | 2,418 |
| Barry O'Sullivan | 11 | - | 7 | - | 7 | 11,970 | 1,831 |
| | | | | | | **102,283** | **13,658** |

In 2022, bhí costais na gComhaltaí Boird cothrom le €13,658 - €6,966 ar chóiríocht €6,692 ar chostais taistil, chothaithe agus bia eile a bhfuil admhálacha ar fáil lena n-aghaidh.
Reáchtáladh cruinniú réigiúnach amháin agus níor reáchtáladh aon chruinniú boird thar lear in 2022.

**Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a áirithiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta, i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas de réir an Chóid.

| Miondealú ar Thuarastal Buan | Líon Fostaithe (WTE) | |
|---|---|---|
| **Sochair Fostaithe** | **2022** | **2021** |
| €60,000 go dtí €70,000 | 49 | 41 |
| €70,001 go dtí €80,000 | 15 | 23 |
| €80,001 go dtí €90,000 | 37 | 41 |
| €90,001 go dtí €100,000 | 32 | 22 |
| €100,001 go dtí €110,000 | 13 | 11 |
| €110,001 go dtí €120,000 | 9 | 7 |
| €120,001 go dtí €130,000 | - | 3 |
| €130,001 go dtí €140,000 | 1 | 2 |
| €140,001 go dtí €150,000 | 1 | 5 |
| €150,001 go dtí €160,000 | 2 | 2 |
| €160,001 go dtí €170,000 | 5 | 3 |
| €170,001 go dtí €180,000 | 4 | 1 |
| €180,001 go dtí €190,000 | 1 | - |
| €190,001 go dtí €200,000 | - | 1 |
| €200,001 go dtí €210,000 | 1 | - |
| €210,001 go dtí €220,000 | - | - |

## Costais Chomhairleachta

Áirítear i gCostais Chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bhainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **517** | 1,327 |
| Meastóireacht agus Staidéar Tráchtála & Teicniúil | **490** | 306 |
| Comhairle Airgeadais / Achtúireach | **2** | 12 |
| Acmhainní Daonna | **58** | 54 |
| Feabhsú Gnó | **23** | 55 |
| Eile | **38** | 37 |
| | **1,128** | 1,791 |
| Costais chomhairleachta chaipitlithe | **-** | - |
| Costais chomhairleachta muirearaithe chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | **1,128** | 1,791 |
| | **1,128** | 1,791 |

## Costais agus Socraíochtaí Dlí

Taispeántar sa tábla thíos miondealú ar mhéideanna aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear anseo caiteachas tabhaithe i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair GFT atá nochta sna Costais chomhairleachta thuas.

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí | **195** | 1,138 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | **-** | - |
| Socraíochtaí | **-** | - |
| | **195** | 1,138 |

Baineann Costais Dlí le hábhar leanúnach a bhfuil baint ag GFT leis.

## Sceideal an Ráitis Rialachais ar lean

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá an caiteachas taistil agus cothaithe á chatagóiriú mar seo a leanas:

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Baile | | |
| - Bord | **8** | - |
| - Fostaithe | **1,065** | 174 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | **6** | - |
| - Fostaithe | **732** | 47 |
| | **1,811** | 221 |

### Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Baile | | |
| - Bord | **-** | - |
| - Fostaithe | **-** | - |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | **-** | - |
| - Fostaithe | **-** | - |
| | **-** | - |

Thar ceann Bhord GFT Éireann ar an 14 Meitheamh 2023


**Michael Lohan**
Príomhfheidhmeannach

**Frank Ryan**
Cathaoirleach


# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann Bhord GFT admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).







## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ná riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur le riosca ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbeidís á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas de rialú inmheánach, a thagann leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta, bunaithe i GFT Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Tarscaoileadh ó Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Náisiúnta Forbartha

In 2014, d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Náisiúnta Forbartha ciorclán a bhaineann le bainistíocht agus cuntasacht as deontais ó chistí státchiste. Ceanglaíonn sé seo go sonraíonn deontóirí go nochtann faighteoirí faisnéis shonrach ina ráitis airgeadais. San áireamh anseo tá sonraí maidir le méid an deontais, an chúis a ndearnadh iarratas ar chistí agus eolas maidir le rátaí tuarastail atá bunaithe ag an eintiteas.

Lorg GFT tarscaoileadh ó na ceanglais seo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar an mbonn go bhféadfadh rialuithe láidre idirbhirt GFT aidhmeanna an Chiorcláin a shásamh. Ceadaíodh an tarscaoileadh.

### Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca (CIAR) bunaithe ag GFT a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin páirteach ann, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus tá duine de na comhaltaí sin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuail CIAR le chéile cúig bhabhta in 2022.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe bunaithe ag GFT, a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil lena haghaidh agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe le CIAR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag CIAR ina sonraítear a inghlacthacht rioscaí, na próisis bhainistíochta riosca atá bunaithe agus mionsonraí maidir le róil agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tá an beartas eisithe chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca GFT, chun aird na foirne bainistíochta a tharraingt ar rioscaí agus ar laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag GFT a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leis na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair GFT agus tá na rioscaí seo sainaitheanta, measúnaithe agus rangaithe de réir a suntasaí is atá siad. Déanann CIAR agus an Bord athbhreithniú ar an gclár go bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe sannta do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear ann na gnéithe seo a leanas:

- tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an fhoireann bhainistíochta shinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach,
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cuimsítear i nósanna imeachta rialaithe a bhaineann le maoiniú deontais breithmheas; measúnú teicniúil agus airgeadais; faomhadh agus íocaíocht tionscadail a bhain le híoc deontas, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe, measúnuithe teicniúla, garspriocanna tionscadail a bhunú, íocaíochtaí de réir théarmaí agus choinníollacha comhaontuithe dlí idir GFT agus an deontaí agus forálacha a bhaineann le haisíocaíocht an deontais mura gcomhlíonann an tionscadal na gealltanais atá tugtha ag an tionscnóir.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas bunaithe:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag GFT chun comhlíontacht le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a áirithiú agus i rith 2022 gur bhain eisceacht amháin leis na rialacha soláthair: Chuir GFT Éireann tús lena chonradh féin le soláthraí seirbhíse ar an 31 Márta 2020 chun seirbhísí a sholáthar trí shamhail SaaS, le haghaidh tréimhse dhá bhliain. I ndiaidh do gach duine filleadh ar an oifig i mí an Mhárta 2022, i ndiaidh paindéim gan choinne Covid 19, agus chun tacú leis an taighde cuimsitheach agus le forbairt na gceanglas mionsonraithe a bhí riachtanach chun an próiseas soláthair a chríochnú, agus na céimeanna dearaidh agus imlonnaithe, bronnadh síneadh bliana ar an gconradh don soláthraí reatha ar an 31 Márta 2022 (€64,575).

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag IDA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag GFT ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach in GFT atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha ar an 9 Márta 2023.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach in 2022 a cheanglaíonn go nochtfar iad sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Frank Ryan**
Cathaoirleach
14ú Meitheamh 2023

## An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | **225,256** | 200,236 |
| Ciste Náisiúnta Oiliúna | 3 | **3,000** | 3,000 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 4 | **211** | 4,766 |
| Ioncam Cíosa | | **4,057** | 3,996 |
| Ioncam Eile | 5 | **328** | 497 |
| Brabús / (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **21,780** | 1,779 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 20(f) | **8,440** | 7,253 |
| | | **263,072** | 221,527 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Iníoctha | 7 | **123,826** | 105,429 |
| Costais Phoiblíochta, Riaracháin agus Ghinearálta | 8 | **61,135** | 63,193 |
| Muirir Foirgneamh Tionsclaíoch | 9 | **7,103** | 5,715 |
| Muirir Dímheasa | 10 | **15,031** | 17,717 |
| Muirir / (Aisiompuithe) Bearnúcháin | 10 | **(5,837)** | (14,813) |
| Costais Phinsin | 20(c) | **9,856** | 8,607 |
| | | **211,114** | 185,848 |
| **Farasbarr don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | **51,958** | 35,679 |
| Ranníocaíocht chuig an Státchiste | 11 | **-** | - |
| Aistriú (chuig) Caipiteal | 12 | **(57,191)** | (36,759) |
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain i ndiaidh Leithreasuithe** | | **(5,233)** | (1,080) |
| Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh an 1 Eanáir | | **32,552** | 33,632 |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag an 31 Nollaig 2022** | | **27,319** | 32,552 |

Baineann méideanna taispeánta faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leantacha.


Áirítear i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus caillteanas aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 26.


Thar ceann Bhord GFT:
Dáta: An 14 Meitheamh 2023



**Frank Ryan**
Cathaoirleach



**Michael Lohan**
Príomhfheidhmeannach



**Tony Kennedy**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas roimh Leithreasuithe | | **51,958** | 35,679 |
| Gnóthachan / (caillteanas) de bharr ar oibleagáidí sochair scoir | 20(d) | **(11,687)** | 305 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn le luach láithreach na n-oibleagáidí sochair scoir | 20(d) | **79,131** | (2,234) |
| (Caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain | | **67,444** | (1,929) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | | **(67,444)** | 1,929 |
| Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain | | **51,958** | 35,679 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 26.

Thar Ceann Bhord GFT:
Dáta: An 14 Meitheamh 2023

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Michael Lohan**
Príomhfheidhmeannach

**Tony Kennedy**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail ag an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | **2022** €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | | | |
| Réadmhaoin Thionsclaíoch | 13 | **335,079** | 274,788 |
| Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **4,779** | 7,879 |
| | | **339,858** | 282,667 |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | | |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | 15 | **-** | - |
| **Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe Iomlána** | | **339,858** | 282,667 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardal | 16 | **8,583** | 5,488 |
| Infháltais | 17 | **24,763** | 32,865 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | **1,810** | 300 |
| | | **35,156** | 38,653 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Míreanna Iníoctha | 18 | **(7,712)** | (5,961) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **27,444** | 32,692 |
| **Infháltais Fhadtéarmacha** | | | |
| Infháltais: méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 17 | **-** | - |
| **Forálacha** | | | |
| Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear | 19 | **(125)** | (140) |
| **Pinsin** | | | |
| Sócmhainn Mhaoinithe Pinsin Iarchurtha | 20 (f) | **160,308** | 219,312 |
| Dliteanas Pinsin | 20 (e) | **(160,308)** | (219,312) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **367,177** | 315,219 |
| **Ag déanamh ionadaíochta ar:** | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 12 | **339,858** | 282,667 |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | **27,319** | 32,552 |
| | | **367,177** | 315,219 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 26.

Thar ceann Bhord GFT:
Dáta: an 14 Meitheamh 2023

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Michael Lohan**
Príomhfheidhmeannach

**Tony Kennedy**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

## Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Ioncaim thar Caiteachas | | **51,958** | 35,679 |
| Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta | | | |
| - Réadmhaoin Thionsclaíoch | 10 | **5,394** | (2,129) |
| - Sócmhainní Seasta Eile & Sócmhainní Teileachumarsáide | 10 | **3,800** | 5,033 |
| Caiteachas Caipitlithe | 8 (a) | **(1,319)** | (777) |
| (Brabús) ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **(21,780)** | (1,779) |
| Ús Bainc | 5 | **(6)** | - |
| (Méadú) ar Fhardal | 16 | **(3,095)** | (5,488) |
| Laghdú ar mhéideanna Infháltais dlite laistigh de bhliain amháin year | 17 | **8,102** | 3,256 |
| Méadú/(Laghdú) ar Mhíreanna Iníoctha dlite laistigh de bhliain amháin | 18 | **1,751** | (952) |
| (Laghdú) ar Fhorálacha agus Muirir | 19 | **(15)** | (210) |
| Laghdú ar mhéideanna Infháltais dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 17 | **-** | 288 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **44,790** | 32,921 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Éadálacha | | **(85,321)** | (49,592) |
| Diúscairtí | | **42,035** | 12,485 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(43,286)** | (37,107) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Bainc Faighte | | **6** | - |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **6** | - |
| **Glan Mhéadú (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **1,510** | (4,186) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **300** | 4,486 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | | **1,810** | 300 |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

### 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag GFT sonraithe thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe:

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Tá ceannoifig GFT Éireann lonnaithe ag Three Park Place, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 FX65.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (ELP) é GFT Éireann. Soláthraíonn Eintiteas leasa phoiblí earraí nó seirbhísí don phobal i gcoitinne, don phobal nó don leas sóisialta agus sa chás go bhfuil cothromas á sholáthar, tá sé á dhéanamh chun tacú le príomhchuspóirí an eintitis seachas chun toradh airgeadais a áirithiú do sholáthraithe, scairshealbhóirí nó comhaltaí cothromais.

Tá príomhchuspóir GFT Éireann sonraithe i gCuid II S8 d'Acht um Fhorbairt Tionscail (GFT Éireann), 1993:

- tacú le bunú agus forbairt, sa Stát, gnóthais tionsclaíocha ó lasmuigh den Stát chun infheistíochtaí a dhéanamh in
- agus tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthais tionsclaíocha de réir cheanglais na n-achtachán atá i bhfeidhm ag an am.
- a leithéid de scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile a cheanglaíonn eisíocaíocht Cistí an Aontais Eorpaigh agus aon chistí eile dá leithéid a d'fhéadfadh a bheith á n-údarú ó am go ham ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus a leithéid d'fheidhmeanna eile a d'fhéadfadh an tAire a shannadh ó am go ham a chur i gcrích.

### (b) Ráiteas Comhlíonta agus Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, modhnaithe chun Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) a chomhlíonadh atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Is é an Euro an t-airgeadra atá in úsáid i Ráitis Airgeadais GFT Éireann. Glactar leis gurb é an Euro airgeadra feidhmiúil GFT Éireann de bhrí gurb é sin an t-airgeadra atá in úsáid sa phríomhthimpeallacht gheilleagrach ina bhfuil an ghníomhaireacht ag feidhmiú.

### (c) Ioncam

**Deontais Oireachtais**

Go ginearálta, aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe: is é an t-aon eisceacht na Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

**Aisíoc Deontas Íoctha**

Bíonn deontais íoctha in-aisíoctha in imthosca áirithe, cosúil le leachtú / díscaoileadh na cuideachta fála, nó mura gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is cosúil go mbeidh an t-airgead á fháil ag GFT agus nuair is féidir an tsuim a mheas go hiontaofa; dá réir sin, tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhruithe.

**Ioncam Úis**

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**Ioncam Cíosa**

Cuimsítear i gcíosanna méideanna dlite faoi théarmaí comhaontuithe léasa le haghaidh tréimhsí suas go dtí 35 bliain, idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir chun úsáid a bhaint as tailte neamhfhorbartha agus muirir cothabhála eastáit billeáilte chuig tionóntaí agus arna gcuntas ar bhonn fabhruithe.

**Ioncam Eile**

Déantar ioncam eile a aithint ar bhonn fabhruithe.

### (d) Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair a bhíonn na coinníollacha sonraithe comhlíonta ag an deontaí.

### (e) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cuimsítear i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:

(i) Talamh atá á choimeád chun críche forbairt thionsclaíoch.

(ii) Oibreacha forbartha láithreáin.

(iii) Foirgnimh thionsclaíocha léasaithe do thionóntaí lena n-áirítear foirgnimh atá á ndíol ach raibh an teideal aistrithe ag deireadh na bliana.

(iv) Réadmhaoin fholamh atá ar fáil chun críocha tionsclaíocha nó atá á díol ach nach raibh an teideal aistrithe ag deireadh na bliana.

(v) Sócmhainní Seasta Eile lena n-áirítear trealamh ríomhaireachta a bhfuil luach níos mó ná €650 luaite leis agus trealamh agus daingneáin agus feistis a bhfuil luach níos mó ná €1,000 luaite leo.

Sonraítear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha agus foráil le haghaidh bearnúcháin. Déantar foráil le haghaidh dímheasa ar gach sócmhainní inláimhsithe seachas talamh ag rátaí arna ríomh chun an costas, lúide luach iarmharach measta, a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Foirgnimh | 3 % sa bhliain |
| (ii) | Forbairt Láithreáin | 10 % sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige / Daingneáin & Feistis | 20 % sa bhliain |
| (iv) | Ríomhairí | 33 % sa bhliain |
| (v) | Talamh | 0 % sa bhliain |

Is éard atá i gceist le luach iarmharach ná an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair dá ndéanfaí sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

**Bearnúchán Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh**

D'fhéadfaí forálacha bearnúcháin a dhéanamh i ndiaidh athbhreithnithe a dhéanamh ar shócmhainní seasta agus sócmhainní teileachumarsáide déanta ag oifigí de chuid GFT Éireann nó luachálaithe neamhspleácha, más cuí, má thugann teagmhais nó athruithe ar imthosca nó coinníollacha geilleagracha le fios go mb'fhéidir nach mbeadh suim ghlanluacha na sócmhainní in-aisghabhála go hiomlán. Aithneofar aon fhorálacha dá leithéid sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad. Sa chás go dtugtar le fios in athbhreithniú a dhéantar ina dhiaidh sin nach ann níos mó do na himthosca atá mar bhonn le foráil bhearnúcháin nó go bhfuil siad athraithe go hábhartha, laghdófar an fhoráil bhearnúcháin charntha dá réir.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

Déantar cuntas ar aisiompuithe a rinneadh i mblianta roimhe sin tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### (f) Réadmhaoin Thionsclaíoch

Tá Réadmhaoin Thionsclaíoch atá san áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe sealbhaithe, forbartha nó tógtha chun críche cabhrú le poiblíocht agus forbairt an tionscail agus ní ghlactar lena leithéid mar réadmhaoin infheistíochta ach mar ghnáthshócmhainní seasta.

San áireamh i gcostas talún, forbairt láithreáin agus réadmhaoin thionsclaíoch tá cionroinnt costas riaracháin a bhaineann le héadáil nó forbairt na sócmhainní.

Trí mheabhrán, tá eolas maidir le hIoncam agus Caiteachas a bhaineann le hidirbhearta Réadmhaoin Thionsclaíoch le fáil i nóta 23 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

### (g) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:

San áireamh i Sócmhainní Seasta Doláimhsithe tá sócmhainní teileachumarsáide arb ionann iad agus ceart úsáide dochloíte cuid ainmnithe de ghréasán teileachumarsáide domhanda le haghaidh tréimhse 25 bliain ó 2000.

### (h) Fardal

Is éard atá i gceist anseo ná roinnt fardal atá á gcoimeád le dáileadh gan mhionchomaoin nó le haghaidh mionchomaoin, arna dtomhas ag an gcostas coigeartaithe is ísle, nuair is infheidhme, le haghaidh aon chaillteanas poitéinsiúil seirbhíse agus costas athsholáthair.

### (i) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh GFT in ann na méideanna ar fad atá dlite dó a bhailiú.

Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Áirítear i measc infháltas:

(i) Réadmhaoin díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na méideanna seo ag Rátaí Iasachta Státchiste arna mholadh ag an Roinn Airgeadais nó ag Ráta Tagartha Lascaine an AE de réir mar is cuí.

(ii) Cíosanna dlite faoi théarmaí comhaontuithe léasa le haghaidh tréimhsí suas go dtí 35 bliain, idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir chun úsáid a bhaint as tailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit billeáilte chuig tionóntaí.

(iii) Táillí a bhaineann le roghanna ceannaigh tugtha i ndáil le réadmhaoin GFT, taiscí íoctha ag GFT chun réadmhaoin a cheannach sa chás nach raibh an teideal aistrithe chuig an nGníomhaireacht ag an 31 Nollaig, agus seirbhísí eile a sholáthar.

(iv) Méideanna dlite i ndáil le diúscairt nó léasú sócmhainní teileachumarsáide.

(v) Méideanna dlite i ndáil le socruithe comhpháirteacha.

(vi) Méideanna dlite i ndáil le hiasachtaí réamhíoctha agus ús a bhaineann leo.

### (j) Cuimsítear i míreanna iníoctha míreanna iníoctha a bhaineann le:

(i) Creidiúnaithe agus Fabhruithe.

(ii) Tá deontais iníoctha de réir nóta (d)

(iii) Taiscí le haghaidh díolachán neamhchríochnaithe.

### (k) Cuimsítear i bhforálacha le haghaidh dliteanas agus muirear:

(i) Méideanna curtha ar fáil i ndáil le costais fhéideartha a bhaineann le foráil trochlaithe léasanna oibriúcháin.

(ii) Méideanna curtha ar fáil sa chás go meastar go sáróidh costais todhchaíocha a easraíonn as léasanna oibriúcháin na méideanna atá in-aisghabhála ó fho-léasaithe.

### (l) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe i airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

Déileáiltear le brabúis agus caillteanais ag eascairt as aistrithe airgeadra eachtraigh agus nuair a réitítear méideanna infhála agus iníoctha in airgeadra eachtrach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### (m) Léasanna

Déileáiltear leis na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite. Chomh fada is a bhaineann le réadmhaoin thionsclaíoch atá ar fáil chun críche poiblíochta, déantar foráil, más cuí, le haghaidh íocaíochtaí cíosa a bheidh á ndéanamh ag an nGníomhaireacht amach anseo.

### (n) Sochair Fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Rinneadh foráil in An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Forfás), 2014 (Uimh. 13 de 2014) a ritheadh le bheith ina dhlí ar an 16 Iúil 2014 chun Forfás a dhíscaoileadh agus foráladh ann freisin le haghaidh: GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a bhunú mar fhostóirí dlíthiúla ar leithligh; gach gníomhaireacht ag forbairt a scéim pinsin féin agus tugadh faoi deara go mbeadh comhaltaí foirne atá/a bhí páirteach i Scéim Pinsin Forfás ag glacadh páirte i Scéimeanna nua na Gníomhaireachta bunaithe ar théarmaí aoisliúntais nach raibh níos fabhraí ná na téarmaí a bhí bunaithe faoi Scéim Forfás díreach roimh an dáta aistrithe, agus go mbeadh comhaltaí foirne na ngníomhaireachtaí páirteach sna scéimeanna sin mar bhaill; agus go mbeadh cuntas á dhéanamh ag na gníomhaireachtaí sin ar na Dliteanais Phinsin ghaolmhara faoi FRS102. Glacann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le freagracht dhlíthiúil as scéimeanna pinsin, pinsinéirí agus iarchomhaltaí foirne Forfás a bhfuil sochair chaomhnaithe acu.

Faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”).

Tá an fhreagracht dhlíthiúil iomlán ar GFT as a fostaithe mar a bhfostóir dlíthiúil. San áireamh anseo tá an fhreagracht as pinsin na bhfostaithe reatha a bheidh ag dul ar scor i ndiaidh an 16 Iúil 2014. Tá léargas le fáil sna Ráitis Airgeadais freisin ar chostais pinsin fhoireann GFT atá clúdaithe ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Léirítear i gcostais phinsin GFT scéimeanna pinsin le sochar sainithe, atá á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead atá ar fáil, lena n-áirítear airgead atá á chur ar fáil ag an Roinn Fiontar, Trádála agus

Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe asbhainte as tuarastail foirne.

Is éard atá i gceist le costais phinsin ná sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe i rith na tréimhse agus taispeántar iad mar ghlan-ranníocaíochtaí pinsin comhaltaí foirne coimeádta. Aithnítear méid atá ag comhfhreagairt leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid is atá sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag comhaltaí foirne go dáta. Is ionann an maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad creidmheasa réamh-mheasta.

### (o) Breithiúnais, Meastacháin agus Toimhdí Criticiúla

Nuair a bhíonn beartais chuntasaíochta GFT Éireann á gcur i bhfeidhm, ceanglaítear ar an bhfoireann bhainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus toimhdí gaolmhara bunaithe ar eispéireas stairiúil agus fachtóirí eile a mheastar atá ábhartha. Ní gá go mbeadh na torthaí ag teacht leis an meastacháin.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus toimhdí bunúsacha. Aithnítear leasuithe ar na meastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a leasú mura mbaineann an leasú ach leis an tréimhse sin, nó i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo má tá tionchar ag an leasú ar thréimhsí reatha agus ar thréimhsí amach anseo.

Is ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an éifeacht is suntasaí ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais:

#### Luachanna iarmharacha agus dímheas sócmhainní

Tá athbhreithniú déanta ag an bhFoireann Bhainistíochta ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainne agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

#### Athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnúcháin bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil suim ghlanluacha na sócmhainne ag sárú a méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide an costas díolacháin agus an luach úsáide.

#### Oibleagáid sochair scoir

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí básmhaireachta), a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) athruithe ar dhéimeagrafaic

#### Forálacha

Déanann an Ghníomhaireacht forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol di atá gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis thábhachtach eile agus tá siad coigeartaithe le haghaidh treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí más cuí. Is meastacháin iad, áfach, de chostais airgeadais teagmhas nach dtarlódh le haghaidh roinnt blianta b'fhéidir. Mar thoradh air seo agus an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an toradh a mheastar.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

### 2 Deontais Oireachtais

Soláthraítear na Deontais Oireachtais faoi alt 35 d'Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003.

Cuimsítear sna Deontais Oireachtais a thaispeántar sna Ráitis Airgeadais na suimeanna seo a leanas a íocadh ó Vóta 32 - Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht:

| | | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| Deontas do Phoiblíocht agus Caiteachas Riaracháin | Vóta 32 - Fo-cheannteideal A5 (i) | **57,756** | 53,036 |
| Deontas don Earnáil Thionsclaíoch | Vóta 32 - Fo-cheannteideal A5 (ii) | **120,441** | 98,500 |
| Deontas do Réadmhaoin Thionsclaíoch | Vóta 32 - Fo-cheannteideal A5 (iii) | **47,059** | 48,700 |
| | | **225,256** | 200,236 |

Sonraítear an Deontas do Chaiteachas Poiblíochta agus Riaracháin ag €57.756m glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaí de €1,154,460 (€1,096,697 - 2021) íoctha leis an Státchiste.

### 3 Ciste Náisiúnta Oiliúna

San áireamh sna híocaíochtaí deontais oiliúna de €15.976m (féach nóta 7) tá íocaíochtaí deontais oiliúna de €3m (€3m in 2021) a íocadh trí chistí a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, atá á riar tríd an Roinn Oideachais. Tá ceanglais reachtúla an Chiste á gcomhlíonadh ag íocaíochtaí déanta mar a fhoráiltear in alt 7 d'Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000.

### 4 Aisíocaíochtaí Deontais

Nuair a sháraíonn cliantchuideachta coinníollacha comhaontú deontais, bíonn an deontas in-aisghabhála. I rith na bliana, d'in-aisghabháil an Ghníomhaireacht €0.211m (€4.766m in 2021) a bhain le haisíocaíochtaí deontais.

### 5 Ioncam Eile

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Bainc | **6** | - |
| Ioncam Táillí a bhain le Tailte Neamhfhorbartha | **172** | 144 |
| Ús ar Idirbhearta Réadmhaoin Thionsclaíoch | **83** | 334 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **67** | 19 |
| | **328** | 497 |

## 6 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Comaoin (gan táillí agus costais dhíreacha a chur san áireamh) | **42,035** | 12,485 |
| Costais Stairiúla | **(31,696)** | (17,741) |
| Cuntas na forála bearnúcháin | **-** | 2,221 |
| Cuntas na forála dímheasa | **11,441** | 4,814 |
| | **21,780** | 1,779 |

Cuimsítear sa bhrabús ar dhiúscairt brabúis de €23.162m, caillteanais de €1.382m a bhí mar bhonn le glanbhrabús ar dhiúscairt de €21.780m

## 7 Deontais Iníoctha

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Caipiteal | **27,459** | 15,795 |
| Fostaíocht | **4,958** | 4,471 |
| T&F | **75,177** | 67,144 |
| Oiliúint | **15,976** | 17,801 |
| Deontais Eile | **256** | 218 |
| | **123,826** | 105,429 |

In 2022, íocadh €10.652m (2021 - €3.494m) faoi Tháirgí Míochaine do scéim Covid 19 agus €147k (2021 - €390k) faoi Scéim Leanúnachais Gnó Covid 19.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

### 8 (a)
### Costais Phoiblíochta, Riaracháin agus Ghinearálta

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí chomhaltaí an bhoird, costais agus luach saothair an POF | **393** | 319 |
| Costais luacha saothair eile - féach 8 (b) | **31,626** | 29,335 |
| Margaíocht, comhairliúchán, promóisin agus fógraíocht | **11,687** | 19,021 |
| Riarachán ginearálta | **18,596** | 15,343 |
| Táille iniúchta | **62** | 62 |
| Foráil d'Fhiacha amhrasacha | **90** | (110) |
| Lúide: Caipitliú caiteachais a bhaineann le forbairt réadmhaoin thionsclaíoch | **(1,319)** | (777) |
| | **61,135** | 63,193 |

### 8 (b)
### Cuimsítear i gcostais luacha saothair eile:

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | **29,510** | 27,324 |
| Ranníocaíocht fostóra do leas sóisialta | **2,113** | 2,010 |
| Sochair Foirceanta | **-** | - |
| Costais sochair scoir | **3** | 1 |
| | **31,626** | 29,335 |

Ag deireadh na bliana, bhí an líon iomlán comhaltaí foirne (WTE) fostaithe cothrom le 338 (2021: 328)

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

**8 (c)**
**Sochair Ghearrthéarmacha Foirne**

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **29,505** | 27,324 |
| Ragobair | **5** | - |
| Liúntais | **-** | - |
| | **29,510** | 27,324 |

In 2022, tá €825k de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise asbhainte agus íoctha leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**8 (d)**
**Miondealú ar Thuarastal Buan**

| | **Líon Fostaithe (WTE)** | |
|---|---|---|
| **Sochair Fostaithe** | **2022** | 2021 |
| €60,000 go dtí €70,000 | **49** | 41 |
| €70,001 go dtí €80,000 | **15** | 23 |
| €80,001 go dtí €90,000 | **37** | 41 |
| €90,001 go dtí €100,000 | **32** | 22 |
| €100,001 go dtí €110,000 | **13** | 11 |
| €110,001 go dtí €120,000 | **9** | 7 |
| €120,001 go dtí €130,000 | **-** | 3 |
| €130,001 go dtí €140,000 | **1** | 2 |
| €140,001 go dtí €150,000 | **1** | 5 |
| €150,001 go dtí €160,000 | **2** | 2 |
| €160,001 go dtí €170,000 | **5** | 3 |
| €170,001 go dtí €180,000 | **4** | 1 |
| €180,001 go dtí €190,000 | **1** | - |
| €190,001 go dtí €200,000 | **-** | 1 |
| €200,001 go dtí €210,000 | **1** | - |
| €210,001 go dtí €220,000 | **-** | - |

**8 (e)**
**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Áirítear sa phríomhphearsanra bainistíochta in EFT Éireann comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus na Bainisteoirí Rannáin. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta sonraithe thíos:

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **1,825** | 1,787 |
| Liúntais | **-** | - |
| Sochair foirceanta | **-** | - |
| Árachas Sláinte | **-** | - |
| | **1,825** | 1,787 |

**8 (f)**
**Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh**

| | **2022 €** | 2021 € |
|---|---|---|
| Martin Shanahan (chuir tús le 'saoire gharraíodóireachta' ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. D'éirigh sé as a chúraimí ar an 25 Eanáir 2023 - Cuimsítear sa luach saothair 'saoire gharraíodóireachta' agus saoire bhliantúil fabhraithe). | **238,508** | 192,105 |
| Mary Buckley (ceaptha mar POF Eatramhach ón 26 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 16 Aibreán 2023). | **38,925** | - |
| **Iomlán** | **277,433** | 192,105 |

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) tuarastal bliantúil de €212,941 éifeachtach ón 1 Iúil 2022. Ní sháraíonn teidlíocht phinsin an POF gnáthshocruithe pinsin na hearnála poiblí agus tá sé á chothabháil faoi Scéim Pinsin GFT, agus tá na catagóirí seo a leanas i bhfeidhm:
Martin Shanahan - Comhaltaí foirne earcaithe i ndiaidh an 5 Aibreán 1995 agus roimh an 1 Eanáir 2013.
Mary Buckley - Comhaltaí foirne earcaithe suas go dtí an 5 Aibreán 1995.

**8 (g)**
**Cíos Bliantúil Iníoctha i ndáil le Cóiríocht Oifige Léasaithe**

| | An Líon Oifigí | Dáta Éaga an Léasa | Cíos Comhlán Iníoctha €'000 | Cíos Glan Iníoctha €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ceannoifig | 1 | 2043 | **7,769** | **3,924** |
| Oifigí Réigiúnacha | 3 | 2022-2028 | **117** | **117** |
| Oifigí Thar Lear | 19 | 2022-2029 | **2,438** | **2,438** |
| | | | **10,324** | **6,479** |

(i) Chomh fada is a bhaineann leis an gCeannoifig agus deich n-oifig thar lear, tá cóiríocht comhlonnaithe le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus / nó Misin de chuid Rialtas na hÉireann. Cuimsítear i gcíos glan iníoctha méideanna faighte ó chomhlachtaí Stáit eile agus tionóntaí príobháideacha a bhfuil cuid de na foirgnimh oifige in úsáid acu.

(ii) D'athnuaigh GFT Éireann trí léas thar lear in 2022.

(iii) Tá léasanna sínithe le haghaidh dhá oifig thar lear ina bhfuil clásal scoir in 2024.

(iv) Tá réadmhaoin amháin faoi úinéireacht na Gníomhaireachta a úsáidtear nó atá ar fáil mar spás oifige don fhoireann.

**8 (h)**
**Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin**

Ag an 31 Nollaig, tá an gealltanas faoi léasanna oibriúcháin cothrom le €166.036m. Rachaidh na léasanna seo in éag mar seo a leanas:

| | **2022 €'000** | | | 2021 €'000 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Réadmhaoin Neamhthionsclaíoch** | **Réadmhaoin Thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna** | **Réadmhaoin Thionsclaíoch Ar Fáil Le cur chun cinn** | Réadmhaoin Neamhthionsclaíoch | Réadmhaoin Thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna | Réadmhaoin Thionsclaíoch Ar Fáil Le cur chun cinn |
| laistigh de bhliain amháin | **10,324** | **-** | **-** | 10,321 | - | - |
| idir an dara agus an cúigiú bliain, an dá bhliain sin san áireamh | **35,160** | **-** | **-** | 36,487 | - | - |
| níos mó ná 5 bliana | **120,552** | **-** | **-** | 128,633 | - | - |
| | **166,036** | **-** | **-** | 175,441 | - | - |

### 9 Muirir Foirgneamh Tionsclaíoch

Cuimsítear sna muirir seo na costais ghlana a bhaineann le foirgnimh thionsclaíocha curtha ar fáil ag an earnáil phríobháideach agus costais chothabhála a bhaineann le gach foirgneamh tionsclaíoch faoi sheilbh GFT ar féidir poiblíocht a dhéanamh air. Cuimsítear sna costais seo: costais ghairmiúla, dhlíthiúla agus chomhairleachta €2.189m [2021 €2.99m], glanchostais oibriúcháin léasa Nialas [2021 (€0.006m)] agus costais chothabhála páirc ghnó €4.929m [2021 €2.941m], laghdaithe ag glanghluaiseacht ar fhorálacha a bhaineann le léasanna oibriúcháin (mar atá sonraithe i nóta 19) €0.015m [2021 €0.21m].

### 10 Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta

| | Nótaí | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Muirir Dímheasa** | | | |
| - Réadmhaoin Thionsclaíoch | 13 | **11,231** | 12,684 |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **3,800** | 5,033 |
| **Muirir / (Aisiompuithe) Bearnúcháin** | | | |
| - Réadmhaoin Thionsclaíoch | 13 | **(5,837)** | (14,813) |
| | | **9,194** | 2,904 |

Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní lúide, más cuí, aon fhoráil bhearnúcháin a dhíscríobh thar a saolré úsáideach fágtha. Ní dhéantar aon fhoráil le haghaidh dímheas i ndáil leis an talamh nó infheistíochtaí.

Bíonn muirir bhearnúcháin i gceist sa chás go sáraíonn luach de réir na leabhar Réadmhaoin Thionsclaíoch nó Sócmhainní Teileachumarsáide a luach in-aisghabhála measta. Bíonn aisiompuithe bearnúcháin i gceist sa chás go bhfuil fianaise shoiléir ann go sáraíonn luach in-aisghabhála na Réadmhaoine Tionsclaíche nó na Sócmhainní Teileachumarsáide a luach de réir na leabhar, suas go dtí méid an bhearnúcháin bhunaidh.

### 11 Ranníocaíocht chuig an Státchiste

I rith 2022 agus 2021, fuair GFT Éireann cead ó RFTF Ioncam Acmhainní Dílse ginte a choimeád. Bhí Ioncam acmhainní dílse os cionn an leibhéil seo agus aon Ioncam Acmhainní Dílse neamhúsáidte in-aisíoctha le RFTF, mar ranníocaíocht don Státchiste. In 2022, fuair GFT cead ó RFTF an €0.449m d'Ioncam Acmhainní Dílse neamhúsáidte in 2021 a choimeád, rud ba chúis le ranníocaíocht nialasach don Státchiste. Lorg GFT Éireann cead ó RFTF chun an €0.422m d'Ioncam Acmhainní Dílse neamhúsáidte a choimeád in 2022.

### 12 Caipiteal

| | Nótaí | €'000 | 2022 €'000 | €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ag an 1 Eanáir | | | **282,667** | | 245,908 |
| **Glanghluaiseachtaí ar:** | | | | | |
| - Réadmhaoin Thionsclaíoch | 13 | **60,291** | | 39,350 | |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **(3,100)** | | (2,591) | |
| **Aistriú ó Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | | **57,191** | | 36,759 |
| Ag an 31 Nollaig | | | **339,858** | | 282,667 |

### 13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe - Réadmhaoin Thionsclaíoch 2022

| | Talamh €'000 | Forbairt Láithreáin €'000 | Réadmhaoin Thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna €'000 | Réadmhaoin Thionsclaíoch Ar Fáil Le cur chun cinn €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 261,497 | 162,596 | 42,500 | 64,590 | **531,183** |
| Breiseanna | 25,006 | 19,943 | 3,267 | 37,719 | **85,935** |
| Aistrithe | - | - | 8,032 | (8,032) | **-** |
| Diúscairtí | (17,034) | (12,878) | - | - | **(29,912)** |
| Ag an 31 Nollaig | 269,469 | 169,661 | 53,799 | 94,277 | **587,206** |
| **Foráil Bhearnúcháin** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 90,299 | - | 977 | 68 | **91,344** |
| Muirear / (Aisiompú) don Bhliain | (5,837) | - | - | - | **(5,837)** |
| Aistrithe | - | - | (23) | 23 | **-** |
| Diúscairtí | - | - | - | - | **-** |
| Ag an 31 Nollaig | 84,462 | - | 954 | 91 | **85,507** |
| **Foráil Dímheasa** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | - | 146,426 | 13,354 | 5,271 | **165,051** |
| Muirear don Bhliain | - | 6,755 | 1,428 | 3,048 | **11,231** |
| Aistrithe | - | - | 312 | (312) | **-** |
| Cuntas dímheasa ar Dhiúscairtí | - | (9,662) | - | - | **(9,662)** |
| Ag an 31 Nollaig | - | 143,519 | 15,094 | 8,007 | **166,620** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig | 185,007 | 26,142 | 37,751 | 86,179 | **335,079** |
| Ag an 1 Eanáir | 171,198 | 16,170 | 28,169 | 59,251 | **274,788** |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | | | | | **60,291** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

**Sócmhainní Seasta Inláimhsithe - Réadmhaoin Thionsclaíoch - 2021**

| | Talamh €'000 | Forbairt Láithreáin €'000 | Réadmhaoin Thionsclaíoch Áitithe faoi Léasanna €'000 | Réadmhaoin Thionsclaíoch Ar Fáil Le cur chun cinn €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 259,471 | 152,312 | 42,240 | 46,899 | **500,922** |
| Breiseanna | 11,115 | 15,341 | 260 | 21,210 | **47,926** |
| Aistrithe | - | - | - | - | **-** |
| Diúscairtí | (9,089) | (5,057) | - | (3,519) | **(17,665)** |
| Ag an 31 Nollaig | 261,497 | 162,596 | 42,500 | 64,590 | **531,183** |
| **Foráil Bhearnúcháin** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 104,938 | 174 | 977 | 2,289 | **108,378** |
| Muirear / (Aisiompú) don Bhliain | (14,639) | (174) | - | - | **(14,813)** |
| Aistrithe | - | - | - | - | **-** |
| Diúscairtí | - | - | - | (2,221) | **(2,221)** |
| Ag an 31 Nollaig | 90,299 | - | 977 | 68 | **91,344** |
| **Foráil Dímheasa** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | - | 140,985 | 12,172 | 3,949 | **157,106** |
| Muirear don Bhliain | - | 9,534 | 1,109 | 2,041 | **12,684** |
| Aistrithe | - | - | 73 | (73) | **-** |
| Cuntas dímheasa ar Dhiúscairtí | - | (4,093) | - | (646) | **(4,739)** |
| Ag an 31 Nollaig | - | 146,426 | 13,354 | 5,271 | **165,051** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig | 171,198 | 16,170 | 28,169 | 59,251 | **274,788** |
| Ag an 1 Eanáir | 154,533 | 11,153 | 29,091 | 40,661 | **235,438** |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | | | | | **39,350** |

(a) San áireamh sa tábla thuas tá méid a bhaineann le socrú comhpháirteach ar ghlac an Ghníomhaireacht páirt ann in 2004 le Comhairle Contae Fhine Gall chun tailte a fhorbairt i mBaile Bhlainséir, Co. Bhaile Átha Cliath, a bhí faoi úinéireacht na Comhairle, chun díol ina dhiaidh sin do ghnóthais thionsclaíocha. Faoi théarmaí an tsocraithe, tá GFT freagrach as feabhsuithe bonneagair a dhéanamh ar na tailte. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as costais iomlána na hoibre seo agus tá sí i dteideal leath d'fháltais aon díolachán a fháil. Tá an glanmhéid de réir na leabhar san áireamh thuas a bhaineann leis an socrú seo cothrom le €Nialas.

## 14 Sócmhainní Seasta Eile

| | 2022 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Trealamh Oifige agus Trealamh Ríomhaireachta, Daingneáin & Feistis €'000** | **Iomlán €'000** | Trealamh Oifige agus Trealamh Ríomhaireachta, Daingneáin & Feistis €'000 | Iomlán €'000 |
| **Costas** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | **25,720** | **25,720** | 23,353 | 23,353 |
| Breiseanna | **705** | **705** | 2,443 | 2,443 |
| Diúscairtí | **(1,784)** | **(1,784)** | (76) | (76) |
| Ag an 31 Nollaig | **24,641** | **24,641** | 25,720 | 25,720 |
| **Foráil Dímheasa** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | **17,841** | **17,841** | 12,883 | 12,883 |
| Muirear don Bhliain | **3,800** | **3,800** | 5,033 | 5,033 |
| Diúscairtí | **(1,779)** | **(1,779)** | (75) | (75) |
| Ag an 31 Nollaig | **19,862** | **19,862** | 17,841 | 17,841 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | |
| Ag an 31 Nollaig | **4,779** | **4,779** | 7,879 | 7,879 |
| Ag an 1 Eanáir | **7,879** | **7,879** | 10,470 | 10,470 |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | **(3,100)** | **(3,100)** | (2,591) | (2,591) |

## 15 Sócmhainní Teileachumarsáide

Ag feidhmiú de bhun chinneadh Rialtais, ghlac GFT Éireann, i gcomhpháirt leis an Roinn Fiontair Phoiblí (an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha anois), páirt i gconarthaí in 1999 chun sócmhainní teileachumarsáide a cheannach i bhfoirm ceart úsáide dochloíte a bhain le húsáid a bhaint as cuid ainmnithe de ghréasán teileachumarsáide domhanda le haghaidh tréimhse de 25 bliain ón mbliain 2000 ar aghaidh.

Díoladh cuid den acmhainn a cheannaigh GFT le roinnt soláthraithe seirbhíse. Tá costas stairiúil de €38.85m luaite leis na sócmhainní fágtha, atá díscríofa trí mhuirear bearnúcháin de €21m in 2002 agus dímheas comhlán de €17.85m thar thréimhse 8 mbliana ó 2000, rud ba chuid le glanluach de réir na leabhar de €Nialas.

## 16 Fardal

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Fardal | **8,583** | 5,488 |
| Iomlán ag an 31 Nollaig | **8,583** | 5,488 |

San áireamh i bhfardal tá déantúsaíocht dhigiteach agus sócmhainní TF sealbhaithe ag GFT atá beartaithe a nuachan le haghaidh comaoin nialasach in 2023, mar chuid de Thionscnamh Straitéiseach Náisiúnta in Ard-déantúsaíocht.

D'éascaigh GFT Digital Manufacturing Ireland Limited a bhunú mar eagraíocht taighde agus teicneolaíochta tionscaltreoraithe a bhfuil a bord neamhspleách féin aici (le comhalta d'Fhoireann Feidhmiúcháin GFT ceaptha mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin) agus foireann cheannaireachta feidhmiúcháin, a fheidhmíonn go neamhspleách. Le haghaidh tréimhse de 11 mhí (Noll 2021-Samh 2022), sholáthair GFT maoiniú eatramhach (€485k) chun tairbhe Digital Manufacturing Ireland chun íoc as Tuarastail, Costais & Speansais Ghaolmhara.

## 17 Infháltais

| | 2022 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:** | | | | |
| Cuntais Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **25,142** | | 33,219 | |
| Foráil d'Fhiacha amhrasacha | **(379)** | | (354) | |
| | | **24,763** | | 32,865 |
| **Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin:** | | | | |
| Méid dlite ó fho-léasaí i ndáil le costais feistithe | | **-** | | - |
| | | **24,763** | | 32,865 |

San áireamh sna hinfháltais agus réamhíocaíochtaí tá méideanna de €15.473m in íocaíochtaí síos ar idirbhearta réadmhaoine, fianaise ar íocaíochtaí le cuntais eascró aturnaetha ar cheannacháin réadmhaoine, dhá idirbheart a cuireadh i gcrích i Ráithe 1 2023, agus tá sé beartaithe dhá idirbheart eile a chur i gcrích i Ráithe 2 2023 mar aon le hidirbheart amháin i Ráithe 4 2023.

### 18 Míreanna Iníoctha

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:** | | |
| Cuntais Iníoctha agus Fabhruithe | **7,032** | 5,631 |
| Méid dlite ar Dhíolacháin Neamhchríochnaithe | **680** | 330 |
| Fabhruithe Íocaíochtaí Deontais | **-** | - |
| | **7,712** | 5,961 |

### 19 Foráil le haghaidh Dliteanas agus Muirear

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Foráil do Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Ag an 1ú Eanáir | **140** | 350 |
| Glan (laghdú) don bhliain | **(15)** | (210) |
| Iomlán ag an 31 Nollaig | **125** | 140 |

Cuimsítear san Fhoráil do Léasanna Oibriúcháin:

- Costais athchuir tógála poitéinsiúla a bhaineann le hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.

## 20 Pinsin

**(a)** Tá GFT freagrach as costais phinsin bhaill foirne atá ag dul ar scor ó GFT i ndiaidh an 16 Iúil 2014, faoi Acht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Forfás), 2014. Glacann baill foirne a bhí/atá páirteach i Scéim Pinsin Forfás páirt i Scéim GFT nua agus baineann siad tairbhe as téarmaí aoisliúntais atá chomh fabhrach céanna lena dtéarmaí faoi Scéim Forfás díreach roimh dháta aistrithe Forfás go GFT. Clúdaíonn GFT na catagóirí foirne seo a leanas:

**Baill Foirne Clúdaithe**

(a) Baill foirne earcaithe suas go dtí an 5 Aibreáin 1995 a bhí rangaithe mar chomhaltaí foirne inphinsin i ndiaidh an dáta sin.

(b) Baill foirne earcaithe i ndiaidh an 5 Aibreán 1995 agus roimh an 1 Eanáir 2013.

(c) Baill foirne earcaithe ón 1 Eanáir 2013, ar baill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad.

(d) Baill foirne earcaithe ón 1 Eanáir 2013, a ghlac páirt i Scéim Pinsean Forfás (Scéim GFT nua anois) de bhrí go raibh siad páirteach i scéim seirbhíse poiblí eile roimhe seo (gan sos níos mó ná sé mhí sa tseirbhís i ndiaidh an 1 Eanáir 2013).

Tá scéimeanna Céilí agus Leanaí bunaithe mar chuid de gach Scéim.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua (“an Scéim Aonair”) le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Go ginearálta, is comhaltaí den Scéim Aonair iad na hiontrálaithe nua ar fhostaíocht seirbhíse poiblí inphinsin ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Tá rialacha na Scéime Aonair sonraithe in Acht Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Níl dliteanais phinsin a bhaineann leis na daoine sin atá fostaithe faoi Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí le haghaidh níos lú ná 2 bhliain san áireamh sa ríomh pinsin de bhrí nach mbeidh cearta pinsin fabhraithe acu go dtí 2 bhliain i ndiaidh na seirbhíse a sholáthar.

Íocann GFT na costais ghlana a eascraíonn as gnáthscor. Íoctar na costais seo as ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí faighte ag GFT ó bhaill foirne atá páirteach sna scéimeanna ranníocaíochta neamh-mhaoinithe thuas chun na dliteanais phinsin leanúnacha a pháirtmhaoiniú.

Faoi Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní an Iar-údaráis Forbartha Tionscail chuig Ciste an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna pinsin a bhaineann leis an dá chiste seo fós i bhfeidhm do chomhaltaí reatha agus ní bheidh aon tionchar ar shochair nó foráil ghaolmhar le haghaidh na gcomhaltaí. Íocann GFT Éireann ranníocaíochtaí fostaí leis an Státchiste. D'íoc GFT ranníocaíochtaí fostaí iomlána de €1.154m le haghaidh na scéimeanna seo don Státchiste in 2022 agus íoctar costais phinsin tráth scoir trí Dheontas Oireachtais Vóta Uimh. 32 fo-cheannteideal A5 (i).

### (b) Nochtadh Pinsin faoi FRS102

Ceanglaíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102) go léirítear i ráitis airgeadais ag luach cóir na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn ó oibleagáidí luacha saothair fostóra agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus go dtí aithnítear ann na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

### (c) Anailís ar an Muirear Pinsin Iomlán

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse | **8,392** | 8,033 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsin | **2,618** | 1,671 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe úsáidte chun Pinsin a íoc | **(1,154)** | (1,097) |
| | **9,856** | 8,607 |

### (d) Anailís ar an méid aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Gnóthachain / (Caillteanais) a tharla | **(11,687)** | 305 |
| Athruithe ar thoimhdí Gnóthachan / (Caillteanais) | **79,131** | (2,234) |
| **Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach** | **67,444** | (1,929) |

### (e) Dliteanas Pinsin

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Athrú ar Dhliteanais Scéim Pinsin** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | **219,312** | 210,130 |
| Costas Seirbhíse Reatha | **8,392** | 8,033 |
| Costais Úis | **2,618** | 1,671 |
| Íocaíochtaí le Pinsinéirí | **(2,570)** | (2,451) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | **(67,444)** | 1,929 |
| **Luach Láithreach Oibleagáidí Scéimeanna ag an 31 Nollaig** | **160,308** | 219,312 |

### (f) Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa Bhliain

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú In-aisghabhála i ndáil le costais phinsin na Bliana Reatha | **11,010** | 9,704 |
| Maoiniú chun Pinsin a íoc | **(2,570)** | (2,451) |
| | **8,440** | 7,253 |

Aithníonn GFT ann na mar shócmhainn méid atá ag comhfhreagairt leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean, bunaithe ar an tacar foshuíomhanna ar a ndéantar cur síos thíos, agus roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear i measc na n-imeachtaí seo an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag GFT nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de mhéideanna a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ag an 31 Nollaig 2022 cothrom le €160.308m (2021 - €219.312m). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na foshuíomhanna airgeadais atá leagtha amach i nóta 20(g). Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a mholann na toimhdí a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle achtúireach.

**(g) Luacháil**

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag an 31 Nollaig 2022. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS102 ag an 31 Nollaig;

| **Modh luachála - Aonad réamh-mheasta** | **2022** | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | **3.6% sa bhliain.** | 1.2% sa bhliain. | 0.8% sa bhliain. | 1.20% sa bhliain. | 1.90% sa bhliain. |
| Méaduithe tuarastail sa todhchaí | **4.10% sa bhliain.** | 3.50% sa bhliain. | 3.00% sa bhliain. | 3.00% sa bhliain. | 3.30% sa bhliain. |
| Méaduithe ar an bpinsean stáit sa todhchaí | **4.10% sa bhliain.** | 3.50% sa bhliain. | 3.00% sa bhliain. | 3.00% sa bhliain. | 3.30% sa bhliain. |
| Méaduithe pinsin sa todhchaí | **3.60% sa bhliain.** | 3.00% sa bhliain. | 2.50% sa bhliain. | 2.50% sa bhliain. | 2.80% sa bhliain. |
| Boilsciú sa Todhchaí | **2.60% sa bhliain.** | 2.00% sa bhliain. | 1.50% sa bhliain. | 1.50% sa bhliain. | 1.80% sa bhliain. |

| **An bhliain ina shlánaítear 65 bliain d'aois** | **2022** | 2042 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fear | **21.9** | 24.2 |
| Ionchas saoil - bean | **24.3** | 26.3 |

### (h) Stair na nOibleagáidí le Sochar Sainithe - Tosaithe 2014

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig** | | | | | |
| Oibleagáid le Sochar Sainithe | **160,308** | 219,312 | 210,130 | 176,782 | 153,942 |
| **Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais Scéime:** | | | | | |
| Méid | **(11,687)** | 305 | (7,344) | 344 | 3,954 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **(7.3%)** | 0.1% | (3.5%) | 0.2% | 2.6% |
| **(Caillteanas) / gnóthachan iomlán aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach:** | | | | | |
| Méid | **67,444** | (1,929) | (26,468) | (15,716) | 5,660 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **42.1%** | (0.9%) | (12.6%) | (8.9%) | 3.7% |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar lean

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2022

### 21 Gealltanais

Meastar go mbeidh íocaíochtaí i gceist amach anseo a eascróidh as Gealltanais Deontais cothrom le €240m amhail ag an 31 Nollaig 2022, meastacháin iníoctha mar seo a leanas; 2023 €94m, 2024 €65m, 2025 €44m, 2026 €21m, 2027 €10m, 2028 €5m, 2029 €1m. (Ag an 31 Nollaig 2021 bhí an meastachán cothrom le €261m, meastacháin iníoctha mar seo a leanas; 2022 €102m, 2023 €63m, 2024 €45m, 2025 €28m, 2026 €14m, 2027 €6m, 2028 €3m). Bhí Gealltanais Chaipitil gan íoc ag an 31 Nollaig 2022 a bhain le conarthaí d'éadáil agus d'fhorbairt Réadmhaoin Thionsclaíoch cothrom le €30m (2021: €81m).

### 22 Cánachas

Foráiltear in Alt 227 d'Acht um Chomhdhlúite Cánacha, 1997, díolúine ó cháin d'ioncam comhlachtaí stáit neamhthráchtála. Ní bhaineann an díolúine seo le hús ar thaiscí. Sa chás go bhfuil ús inmhála faoi réir cánach ag an bhfoinse (e.g. DIRT), cuirtear an glanmhéid inmhála chun sochair don Chuntas Oibriúcháin.

I roinnt tíortha ina bhfuil an Ghníomhaireacht ag feidhmiú, tá tairbhe bainte as cánachas áitiúil faoi airteagal na Seirbhísí Rialtais den chomhaontú ábhartha maidir le cánachas dúbailte.

Tá an staid seo faoi athbhreithniú leanúnach ag an nGníomhaireacht a bhfuil soiléiriú á lorg aici maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil cánacha fostaíochta thar lear i gceist in aon dlínse ar baineadh tairbhe as an díolúine seo inti. D'fhéadfadh dliteanas cánacha a bheith mar thoradh ar an athbhreithniú seo ach i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le méid, más ann dá leithéid, a leithéid de dhliteanas teagmhasach, níl aon fhoráil déanta sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

### 23 Ioncam agus Caiteachais Réadmhaoin Thionsclaíoch

| | Nótaí | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | **47,059** | 48,700 |
| Ioncam Cíosa Cliantchuideachtaí GFT Éireann | | **4,057** | 3,996 |
| Ioncam Táillí a bhain le Tailte Neamhfhorbartha | 5 | **172** | 144 |
| Ús ar Idirbhearta Réadmhaoin Thionsclaíoch | 5 | **83** | 334 |
| Brabús ar Dhiúscairt Réadmhaoin Thionsclaíoch | | **21,726** | 1,778 |
| | | **73,097** | 54,952 |

| | Nótaí | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas:** | | | |
| Costais Phoiblíochta, Riaracháin agus Ghinearálta | | **1,774** | 1,694 |
| Muirir Foirgneamh Tionsclaíoch | 9 | **7,103** | 5,715 |
| Muirir agus Forálacha Dímheasa | 10 | **5,394** | (2,129) |
| | | **14,271** | 5,280 |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | | **58,826** | 49,672 |
| Aistriú (chuig) Caipiteal | 12 | **(60,291)** | (39,350) |
| Ranníocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí Poiblíochta agus Riaracháin | | **(1,465)** | 10,322 |

### 24 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 8, áit a bhfuil miondealú ar an luach saothair agus ar an sochair íoctha leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

I rith an ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Ghníomhaireacht deontais a cheadú agus páirt a ghlacadh i socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil comhaltaí Bhoird GFT fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.

Ghlac an Ghníomhaireacht le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú Phlean Forbartha Náisiúnta, i ndáil le leasanna pearsanta a bheith á nochtadh ag comhaltaí Boird agus chloígh na comhaltaí Boird agus an Ghníomhaireacht leis na nósanna imeachta sin. I rith 2022, cheangail idirbheart amháin nochtadh maidir le hioncam luach €1.233m a bhí faighte. Baineann an t-idirbheart le cuideachta ina raibh comhalta Boird fostaithe.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid an Bhoird nó ní ghlacann siad páirt in ar shlí ar bith eile nó ní fhreastalaíonn siad ar phlé a bhaineann leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar clár de gach cás dá leithéid agus tá sé ar fáil ar iarratas.

### 25 Dliteanas Teagmhasach

Ghlac GFT Éireann páirt i gcomhaontú le soláthraí seirbhíse arb é an aidhm a bhí leis infheistíochtaí díreacha eachtracha beaga a bhuachan, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, chun poist inbhuanaithe a chruthú. Chuaigh an conradh leis an soláthar seirbhíse in éag ar an 26 Márta 2017. De réir na hoibleagáide conarthaí sa chomhaontú, rinne GFT íocaíocht leis an soláthraí seirbhíse in 2017.

Ríomhadh an íocaíocht, a ndearnadh foráil di i Ráitis Airgeadais 2016, trí thagairt a dhéanamh don fhostaíocht a d'fhéadfaí a chruthú amach anseo. De bhrí go raibh an líon post a cruthaíodh agus a fíoraíodh ina dhiaidh sin níos lú ná an líon post a ndearnadh foráil dó san íocaíocht sin, tá páirt-aisíocaíocht ar an íocaíocht iarrtha. Ina theannta sin, bhí cuid de na híocaíochtaí a rinne GFT leis an soláthraí seirbhíse faoin gconradh bunaithe ar phoist nach raibh ann don tréimhse íosta a bhí sonraithe sa chonradh, agus tá aisíocaíocht le haghaidh na n-íocaíochtaí seo á lorg ón soláthraí seirbhíse freisin. Tá áitiú GFT á dhíospóidiú ag an soláthraí seirbhíse agus tá damáistí á lorg aige ó GFT don sárú conartha líomhanta. Táthar ag déileáil leis an gceist seo mar chuid d'imeachtaí eadrána leanúnacha idir na páirtithe. "Modúl candaim" a bheidh sa chéad chéim eile de na himeachtaí eadrána ina ndéanfaidh an tEadránaí cinneadh maidir leis an airgead, más cuí, atá dlite do na páirtithe faoi seach.

### 26 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 11 Bealtaine 2023.

## Oifigí Domhanda


### An Eoraip
1 Éire
2 An Fhrainc
3 An Ghearmáin
4 An

---

### Meiriceá Thuaidh
5 Atlanta
6 Bostún
7 Chicago
8 Nua-Eabhrac
9 Seattle
10 Tuaisceart California
11 Deisceart California
12 Austin
13 Toronto

---

### An Aigéan Chiúin agus An Áise
14 An Astráil
15 An tSín Béising
16 An tSín Shang-hai
17 An tSín Shenzhen
18 An India
19 An tSeapáin
20 Singeapór
21 An Chóiré









IDA Ireland

idaireland.com